# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/963 ÓN gCOIMISIÚN

**an 10 Meitheamh 2021**

**lena leagtar síos rialacha chun Rialacháin (AE) 2016/429, (AE) 2016/1012 agus (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm maidir le hainmhithe eachaí a shainaithint agus a chlárú agus lena mbunaítear múnla de dhoiciméid aitheantais le haghaidh na n-ainmhithe sin**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 120(1) agus (2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le coinníollacha zóiteicniúla agus gineolaíocha i dtaca le pórú agus trádáil ainmhithe pórúcháin folaíochta, muca pórúcháin hibrideacha, agus táirgí geirmeacha díobh san Aontas agus lena dtabhairt isteach san Aontas agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 652/2014, Treoir 89/608/CEE agus 90/425/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse an phóraithe ainmhithe ("An Rialachán maidir le Pórú Ainmhithe") ([2]), agus go háirithe Airteagal 32(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE ([3]), agus go háirithe Airteagal 109(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/429 rialacha ginearálta, i measc nithe eile, maidir le freagracht na mBallstát maidir le córas a chur ar bun chun ainmhithe talún ar coimeád, lena n-áirítear ainmhithe eachaí, a shainaithint agus a chlárú. Foráiltear sa Rialachán sin go ndéanfaidh na Ballstáit bunachar sonraí ríomhaireachta d'ainmhithe talún ar coimeád (dá ngairtear an bunachar sonraí ríomhaireachta anseo feasta) a bhunú agus a choimeád ar bun. Foráiltear leis freisin go ndéanfaidh an bunachar sonraí ríomhaireachta taifeadadh ar íosfhaisnéis áirithe maidir le hainmhithe eachaí: eadhon cód uathúil don ainmhí eachaí (dá ngairtear an cód uathúil anseo feasta); modh sainaitheantais an ainmhí eachaí agus an bhunaíocht ina mbíonn an t-ainmhí eachaí ar coimeád. Leagtar síos oibleagáidí ann freisin maidir le hoibreoirí a choimeádann ainmhithe eachaí. Iarrtar orthu a áirithiú go ndéantar na hainmhithe sin a shainaithint go haonarach: de réir an chóid uathúil; doiciméad aitheantais saolré aonair arna líonadh isteach i gceart (an doiciméad aitheantais saolré aonair) agus modh fisiciúil sainaitheanta nó modh eile a nascann go soiléir an t-ainmhí eachaí le doiciméad aitheantais saolré aonair arna líonadh isteach i gceart.

(2) Leagtar síos rialacha zóiteicniúla agus gineolaíocha i Rialachán (AE) 2016/1012 maidir le trádáil ainmhithe pórúcháin agus táirgí geirmeacha díobh agus maidir lena dtabhairt isteach san Aontas; lena n-áirítear rialacha maidir le deimhnithe zóiteicniúla a ghabhann le hainmhithe pórúcháin a eisiúint. Go háirithe, foráiltear leis i gcás ainmhithe pórúcháin folaíochta den speiceas eachaí, go mbeidh faisnéis áirithe a éilítear leis an Rialachán sin le fáil i ndoiciméad aitheantais saolré aonair le haghaidh ainmhithe eachaí.

(3) Leagtar síos rialacha i Rialachán (AE) 2019/6 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta a chur ar an margadh, a mhonarú, a allmhairiú, a onnmhairiú, a sholáthar, a dháileadh, a rialú agus a úsáid, agus faireachas cógas a dhéanamh orthu, agus foráiltear, i measc nithe eile, do rialacha sonracha maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta a thabhairt do bhia-ainmhithe, lena n-áirítear ainmhithe eachaí. Go háirithe, leagtar síos oibleagáidí maidir le taifid a choimeád a mhéid a bhaineann le hainmhithe eachaí agus an fhaisnéis a bheidh sa doiciméad aitheantais saolré aonair.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.
([2]) IO L 171, 29.6.2016, lch. 66.
([3]) IO L 4, 7.1.2019, lch. 43.

(4) Déantar foráil i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún ([4]), arna ghlacadh faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429, maidir le sainmhíniú leathan ar ainmhithe eachaí cláraithe, agus leagtar síos ceanglais bhreise ann maidir le hainmhithe eachaí a shainaithint, chomh maith leis na rialacha maidir le doiciméid dhúblacha agus athsholáthair a eisiúint. Foráiltear ann freisin nach mór marc bailíochta a áireamh ar an doiciméad aitheantais saolré aonair nó, i gcás capall cláraithe, ceadúnas ina ndéantar stádas sláinte níos airde den ainmhí a dhoiciméadú chun tairbhiú de choinníollacha sonracha gluaiseachta atá leagtha síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún ([5]).

(5) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/577 ón gCoimisiún ([6]), leagtar síos rialacha a bhaineann le hinneachar agus formáid na faisnéise is gá chun Airteagal 112(4) agus Airteagal 115(5) de Rialachán (AE) 2019/6 a chur i bhfeidhm agus atá le bheith ar áireamh sa doiciméad aitheantais saolré aonair. Is faisnéis é sin go bunúsach ar cibé an bhfuil ainmhí eachaí aonair eisiata ó mharú lena chaitheamh ag an duine nó an bhfuair sé cóireáil íocshláinte le substaintí a mheastar a bheith fíor-riachtanach chun cóir leighis a chur ar speicis eachaí, nó a bhfuil breisluach cliniciúil ag baint leo i gcomparáid le cineálacha eile cóireála atá ar fáil do speicis eachaí agus a mbeidh a dtréimhse aistarraingthe le haghaidh speicis eachaí 6 mhí.

(6) Foráiltear le hAirteagal 108(5)(c) de Rialachán (AE) 2016/429 go bhféadfaidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, údarás eile a ainmniú nó comhalta eile nó duine nádúrtha a údarú chun a áirithiú go ndéantar an córas sainaitheanta agus clárúcháin a chur i bhfeidhm go coincréiteach, lena n-áirítear doiciméid aitheantais a eisiúint. Soláthraítear rialacha agus coinníollacha mionsonraithe i gCaibidil III de Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) maidir le tarmligean den sórt sin. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 8(1) de Threoir 90/427/CEE ón gComhairle ([8]) go bhfuil oibleagáidí ar eagraíochtaí agus ar chumainn a dhéanann leabhair ghraí a choimeád nó a bhunú doiciméid aitheantais a eisiúint le haghaidh ainmhithe eachaí cláraithe. Déantar an Treoir sin a aisghairm áfach le Rialachán (AE) 2016/1012 le héifeacht ón 21 Aibreán 2021. Níltear cinnte, dá bhrí sin, cé chomh mór agus a tharmligfidh na Ballstáit cur i bhfeidhm praiticiúil an chórais maidir le hainmhithe eachaí a shainaithint chuig cumainn phóir, eagraíochtaí a bhainistíonn capaill i gcomhair iomaíochta agus rásaíochta, nó chuig comhlachtaí tarmligthe eile. Dá dheasca sin, ba cheart foráil a bheith sa Rialachán seo maidir le tarmligean páirteach nó iomlán na gcúraimí sin chuig comhlachtaí tarmligthe agus ról na gcumann póir agus na n-eagraíochtaí a bhainistíonn capaill i gcomhair iomaíochta agus rásaíochta a shoiléiriú le linn d'ainmhithe eachaí a bheith á sainaithint.

(7) Bhain tromlach na mbarúlacha a soláthraíodh faoi chuimsiú an chomhairliúcháin phoiblí maidir leis an doiciméad seo ([9]) le doiciméid aitheantais arna n-eisiúint ag cumainn phóir. Rinne roinnt Ballstát iarrataí den chineál céanna. Fadhb a raibh dúshlán ar leith ag baint léi ab ea deimhnithe zóiteicniúla a eisiúint le haghaidh ainmhithe eachaí a iontráladh i bpórleabhair arna mbunú ag cumainn phóir atá aitheanta i mBallstáit seachas an Ballstát breithe.

(8) Ionas go mbeidh an córas sainaitheanta ainmhithe eachaí praiticiúil, agus ceanglais Airteagal 110(1)(a) de Rialachán (AE) 2016/429 á gcomhlíonadh ag an am céanna, ba cheart foráil a bheith sa Rialachán seo maidir le doiciméid aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí cláraithe arna n-eisiúint ag cumainn phóir agus ag eagraíochtaí agus ag cumainn a bhainistíonn capaill i gcomhair iomaíochta agus rásaíochta, fiú mura comhlachtaí tarmligthe iad na struchtúir sin. Sa chás sin, bheadh eisiúint an doiciméid aitheantais teoranta dá líonadh isteach leis an bhfaisnéis a iarrtar, dá phriontáil agus dá cheangal agus do mhionsonraí a thaifeadadh i mbunachair sonraí, agus dhéanfadh an t-údarás inniúil nó an comhlacht tarmligthe an doiciméad a sheachadadh ar an oibreoir is iarratasóir. Níor cheart go ndéanfadh na forálacha sin difear do chórais oibríochtúla atá ann cheana chun doiciméid aitheantais saolré aonair arna n-eisiúint agus arna seachadadh ag comhlachtaí tarmligthe i ndlúthchomhar le cumainn phóir agus le heagraíochtaí agus cumainn a bhainistíonn capaill i gcomhair iomaíochta agus rásaíochta.

---

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha do bhunaíochtaí a dhéanann ainmhithe talún agus gorlanna a choimeád, agus inrianaitheacht ainmhithe talún agus uibheacha goir áirithe (IO L 314, 5.12.2019, lch. 115).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe talún agus uibheacha goir laistigh den Aontas (IO L 174, 3.6.2020, lch. 140).

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/577 ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le hinneachar agus formáid na faisnéise is gá chun Airteagail 112(4) agus 115(5) a chur i bhfeidhm agus atá le bheith sa doiciméad aitheantais saolré aonair dá dtagraítear in Airteagal 8(4) den Rialachán sin (IO L 123, 9.4.2021, lch. 3).

([7]) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

([8]) Treoir 90/427/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1990 maidir leis na coinníollacha zóiteicniúla agus gineolaíocha lena rialaítear trádáil *equidae* laistigh den Aontas (IO L 224, 18.8.1990, lch. 55).

([9]) https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/11855-Pasanna-do-chapaill-rialacha-maidir-le-capaill-a-shainaithint-agus-a-chlaru_ga

(9) Níor cheart doiciméid aitheantais saolré aonair a eisiúint mura ndéantar iad a líonadh isteach i gceart leis na mionsonraí aitheantais a éilítear ina mbeidh an fhaisnéis a éilítear faoi dhlí an Aontais, agus ba cheart iad a thaifeadadh freisin sa bhunachar sonraí ríomhaireachta i gcomhréir leis an Rialachán seo.

(10) Ba cheart don bhunachar sonraí ríomhaireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 109(1) de Rialachán (AE) 2016/429 agus do stóráil na faisnéise i gcomhréir le hAirteagal 64 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún a bheith inrochtana ar leibhéil éagsúla slándála ag oibreoirí, tréidlianna freagracha, chomh maith le húdaráis inniúla nó comhlachtaí tarmligthe i mBallstáit eile. Ina theannta sin, ba cheart malartú sonraí leictreonacha idir na Ballstáit a spreagadh chun inrianaitheacht na n-ainmhithe eachaí agus na rialuithe ar shláine an bhiashlabhra a éascú. Is gá dá bhrí sin na híoscheanglais le haghaidh malartú sonraí den sórt sin a sholáthar agus ceanglais Airteagal 108(4)(d) de Rialachán (AE) 2016/429 agus na caighdeáin ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 37 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún ([10]) á gcur san áireamh.

(11) Cé gur fearr le líon suntasach Ballstát formáid shimplí le haghaidh an doiciméid aitheantais saolré aonair, gan a leagan amach ann ach amháin na sonraí faisnéise a éilítear i gcomhréir le hAirteagal 65 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 agus Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/577, ní bheadh an fhormáid shimplí sin leordhóthanach chun an doiciméad aitheantais saolré aonair a úsáid mar dhoiciméad ilchuspóireach a bheadh ag gabháil le hainmhithe eachaí chun críoch pórúcháin nó spóirt. Tá bonn cirt dá bhrí sin le foráil a dhéanamh maidir le formáid den doiciméad aitheantais saolré aonair lena bhféadfaí é a eisiúint i gcomhréir leis na híoscheanglais sláinte ainmhithe agus poiblí, chomh maith lena eisiúint i bhformáid chuimsitheach a bheadh oiriúnach freisin chun críoch pórúcháin, iomaíochta agus rásaíochta.

(12) Tugadh le fios in imscrúduithe a rinneadh le déanaí i mBallstáit go bhféadfadh sé nach mbeadh marc simplí ar ainmhithe eachaí le trasfhreagróir in-insteallta leordhóthanach chun aitheantas na n-ainmhithe eachaí a áirithiú, agus go háirithe chun críocha chosaint na sláinte poiblí. Is gné fhorlíontach riachtanach aitheantais dá bhrí sin é tuairisc a thabhairt ar an ainmhí eachaí ina gcuimsítear tuairisc agus léaráid imlíne ina marcáiltear saintréithe feinitíopacha a fuarthas agus a fuarthas le hoidhreacht, amhail patrúin gheala, dathanna sonracha, deisealáin, coilm agus, más gá, cruth na bhfairchíní, chun marú calaoiseach ainmhithe eachaí a eisiadh roimhe seo ó mharú mar bhia don duine, chun an marú sin a chosc.

(13) Chun a áirithiú go dtugtar tuairisc cheart ar ainmhithe eachaí sa doiciméad aitheantais saolré aonair a ghabhann leo, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát, nó i gcás inarb infheidhme do na comhlachtaí tarmligthe féachaint le dea-chleachtais a leanúint agus an pearsanra a gcuirtear de chúram orthu tuairisc a thabhairt ar na hainmhithe eachaí a chur faoi oiliúint.

(14) Is gá freisin foráil a dhéanamh maidir le cásanna ina dtéann an bun-doiciméad aitheantais saolré aonair arna eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo ar feadh shaolré an ainmhí eachaí amú, i gcás nach bhfuil sé inléite níos mó nó i gcás ina bhfuil faisnéis mhíchruinn ann, ar faisnéis mhíchruinn í nach bhfuil ann de thoradh cleachtais neamhdhleathacha. Chun stádas an ainmhí eachaí mar cheann atá eisiata ó mharú mar bhia don duine a dhoiciméadú i gceart, ba cheart do na forálacha, a mhéid is féidir, seilbh neamhdhleathach ar níos mó ná doiciméad aitheantais saolré aonair amháin a eisiamh.

(15) I gcás ina bhfuil faisnéis leordhóthanach agus infhíoraithe ar fáil, ba cheart leagan dúblach den doiciméad aitheantais saolré aonair a eisiúint atá marcáilte mar sin, agus ina n-eisiatar go ginearálta an t-ainmhí eachaí ó mharú mar bhia don duine. I gcásanna eile, ba cheart doiciméad aitheantais saolré aonair athsholáthair a eisiúint, doiciméad a bheidh marcáilte mar sin chomh maith céanna agus ina n-eisiatar an t-ainmhí eachaí ó mharú mar bhia don duine agus ó na coinníollacha sonracha gluaiseachta le haghaidh ainmhithe eachaí cláraithe a leagtar síos in Airteagal 92(2)(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.

(16) I gcomhréir le hAirteagal 67 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035, ba cheart na nósanna imeachta sin a chur i bhfeidhm freisin maidir le hainmhithe eachaí a thugtar i láthair lena sainaithint tar éis an sprioc-ama a leagtar síos le haghaidh céad sainaithint an ainmhí eachaí, chun an baol maidir le fáil chalaoiseach doiciméid aitheantais bhreise a d'fhéadfaí a úsáid chun ainmhí eachaí a thabhairt ar ais isteach sa bhiashlabhra a bhí eisiata ó mharú mar bhia don duine roimhe sin a íoslaghdú i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme.

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla agus sonraíochtaí comhpháirteanna an chórais (Rialachán CBFRO) (IO L 261, 14.10.2019, lch. 37).

(17) I gcomhréir le hAirteagal 66(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035, áiritheoidh oibreoirí go mbeidh a dhoiciméad aitheantais saolré aonair ag gabháil le hainmhí eachaí ag gach tráth. Tugtar le fios leis an gceanglas sin, gan beann ar ghluaiseacht an ainmhí, go dtabharfaidh an t-úinéir roimhe sin an doiciméad aitheantais saolré aonair ar lámh don úinéir nua nuair a thagann athrú ar úinéireacht an ainmhí eachaí.

(18) Cé go gcaithfidh doiciméad aitheantais saolré aonair a bheith ag gabháil le hainmhithe eachaí i gcónaí i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le maolú ón gceanglas sin nuair atá sé dodhéanta nó fiú neamhphraiticiúil doiciméad aitheantais saolré aonair a choimeád ar feadh shaolré an ainmhí eachaí, nó i gcás nár eisíodh doiciméad den sórt sin ag cur marú an ainmhí eachaí san áireamh sula sroicheann sé an aois uasta a éilítear don chéad sainaithint.

(19) I gcás gluaiseachtaí ó lá go lá ar chríocha náisiúnta na mBallstát, is cosúil gur forlíontaí áisiúla ar an doiciméad aitheantais saolré aonair iad cártaí plaisteacha nó cártaí cliste chomh maith le feidhmchláir ar fhóin chliste nó ar tháibléid ina dtaispeántar an fhaisnéis fhíor-riachtanach atá sa doiciméad aitheantais saolré aonair, agus ba cheart rialacha áirithe maidir lena n-úsáid a leagan síos sa Rialachán seo.

(20) Thairis sin, fuarthas amach nach rud praiticiúil é an ceanglas maidir le doiciméad aitheantais saolré aonair a bheith ag gabháil le conablach an ainmhí eachaí chuig an mbunaíocht nó chuig an ngléasra atá formheasta i gcomhréir le hAirteagal 24(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]) i gcásanna áirithe, agus gur cheart dá bhrí sin é sin a theorannú do na cásanna ar a dtugtar tuairisc i bpointe (a)(iii) de Chaibidil III d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún ([12]) nó é a rialáil faoin reachtaíocht náisiúnta.

(21) D'fhéadfadh ainmhithe eachaí a bheith ina n-ainmhithe eachaí a bhfuil sé beartaithe iad a mharú ag céim áirithe dá saolré. Déantar dlúthchrúbaigh, cineál ainmhí atá ar comhchiall le hainmhithe eachaí, a shainmhíniú mar rud atá mar chuid de "chrúbacha clóis" i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]), ina leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais maidir le bia de bhunadh ainmhíoch.

(22) Chun cosc a chur ar thrasfhreagróirí dul isteach sa bhiashlabhra, ba cheart an chuid sin den fheoil a dhíorthaítear ó ainmhithe eachaí nárbh fhéidir an trasfhreagróir a bhaint díobh ag tráth an mharaithe a dhearbhú mar fheoil atá mí-oiriúnach mar bhia don duine i gcomhréir le pointe (m) d'Airteagal 45 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún ([14]). Chun suíomh na dtrasfhreagróirí ionphlandaithe a éascú, ba cheart láthair an ionphlandaithe a chaighdeánú agus a thaifeadadh sna doiciméid aitheantais saolré aonair.

(23) Comhaontaíodh an córas um Uimhir Shaoil Uilíoch Eachaí (UELN) ar fud an domhain idir na heagraíochta móra pórúcháin capall, iomaíochta agus rásaíochta. Forbraíodh é ar thionscnamh Chónaidhm Pórúcháin an Domhain i gcomhair Capall Rásaíochta (WBFSH), Coiste Idirnáisiúnta na Leabhar Graí (ISBC), Eagraíocht Capall Arabach an Domhain (WAHO), Comhdháil Eorpach na nEagraíochtaí Capall Arabach (ECAHO), Cónaidhm Angla-Arabach Idirnáisiúnta (CIAA), an Chónaidhm Idirnáisiúnta Eachaíochta (FEI) agus an Cumann Eorpach Scráibeach (UET). Is féidir dul i gcomhairle le faisnéis maidir leis an gcóras sin ar shuíomh gréasáin UELN ([15]), arna óstáil ag institiúid na Fraince um chapaill agus marcaíocht (IFCE).

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).

([12]) Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle maidir le samplaí agus míreanna áirithe atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin Treoir sin (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1).

([13]) Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de thionscnamh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a fheidhmiú i dtaca le táirgí de thionscnamh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

([15]) http://www.ueln.net

(24) Tá córas UELN oiriúnach chun cód uathúil a shannadh ar ainmhí eachaí tráth a chéad sainaitheanta dá dtagraítear in Airteagal 109(1)(d)(i) de Rialachán (AE) 2016/429. Nuair a shanntar cóid ar an mbunachar sonraí ríomhaireachta nó ar aon bhunachar sonraí arna bhunú ag comhlachtaí tarmligthe nó ag cumainn phóir faoi bhunachar sonraí ríomhaireachta na mBallstát, níor cheart go gcruthófaí míthuiscint dá bharr idir cóid na mbunachar sonraí sin, agus formáid chód uathúil taifeadta na n-ainmhithe eachaí aonair agus an córas UELN bunaithe. Dá bhrí sin, ba cheart dul i gcomhairle le liosta na gcód UELN sula ndéantar aon chód nua a shannadh ar bhunachar sonraí a dhéanann mionsonraí aitheantais maidir leis na hainmhithe eachaí a thaifeadadh.

(25) Ba cheart don taifeadadh a dhéantar ar chód uathúil atá comhoiriúnach le UELN agus an úsáid a bhaintear as chun na húdaráis inniúla nó an comhlacht tarmligthe dar tarmligeadh an cúram maidir le doiciméid aitheantais saolré aonair le haghaidh ainmhithe eachaí a eisiúint, an filleadh ar údarás inniúil eisiúna an doiciméid aitheantais saolré aonair a éascú tar éis an t-ainmhí eachaí a mharú nó tar éis a bháis. I ngach cás inar féidir é, ní mór do na Ballstáit na comhlachtaí idirchaidrimh atá ainmnithe acu i gcomhréir le hAirteagal 103 de Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a úsáid chun cumarsáid a mhalartú idir údaráis inniúla le haghaidh cúnamh frithpháirteach.

(26) D'fhorbair an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE) i gcomhar le Cónaidhm Idirnáisiúnta um Spórt Capall (IHSC) moltaí le haghaidh gluaiseacht idirnáisiúnta shábháilte capall iomaíochta agus an coincheap maidir le capaill ardsláinte, ardfheidhmíochta (HHP) ([16]). Leagtar amach i gCaibidil 4.17 den Chód Sláinte Ainmhithe Talún ([17]) den Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe na moltaí maidir le fodhaonra capall den stádas ardsláinte a bhunú, agus Caibidil 5.12 de sin, an múnla de phas le haghaidh gluaiseacht idirnáisiúnta capall iomaíochta.

(27) Ina theannta sin, déantar incháilitheacht ainmhithe pórúcháin folaíochta den speiceas eachaí chun bheith in iomaíocht go hidirnáisiúnta a rialáil le comhaontuithe príobháideacha idirnáisiúnta. Ag féachaint ar ghné idirnáisiúnta na hearnála eachaí, ba cheart don Choimisiún na comhaontuithe sin a chur san áireamh, chun go gcoimeádfar incháilitheacht na n-ainmhithe pórúcháin folaíochta sin den speiceas eachaí le bheith san iomaíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus chun go mbeidh rochtain ar chomórtais arna n-eagrú i gcomhréir le pointe (a) den chéad ásc in Airteagal 4(2) de Threoir 90/428/CEE ón gComhairle ([18]).

(28) De mhaolú ar Airteagal 91(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, féadfar bailíocht an deimhnithe sláinte ainmhithe a éilítear maidir le gluaiseacht chuig Ballstát eile a shíneadh ó 10 lá go dtí 30 lá faoi na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 92 den Rialachán sin, faoi réir beart sláinte breise áirithe lena n-áirítear bearta chun galair a dhéanann difear d'ainmhithe eachaí seachas na galair atá liostaithe do na speicis sin san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([19]) a chosc.

(29) Foráiltear le pointí 1 agus 2 de Roinn II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 go n-áiritheoidh oibreoirí gnóthaí bia a oibríonn i seamlais, i measc nithe eile, go ráthaítear leis na nósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm acu go ndéantar gach ainmhí nó, i gcás inarb iomchuí, gach grúpa ainmhithe a ghlactar ar áitreabh an tseamlais a shainaithint i gceart.

(30) Ina theannta sin, foráiltear le pointí 1 go 3 de Roinn III d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 go bhfaighidh oibreoir an tseamlais, go seiceálfaidh sé agus go ngníomhóidh sé ar fhaisnéis maidir leis an mbiashlabhra ina soláthraítear mionsonraí maidir le tionscnamh, stair agus bainistíocht ainmhithe atá beartaithe le haghaidh táirgeadh bia. I gcomhréir le pointe 7 de Roinn III d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, féadfaidh an t-údarás inniúil faisnéis áirithe maidir leis an mbiashlabhra ar ainmhithe eachaí a sheoladh chuig an seamlas an tráth céanna leis na hainmhithe, seachas í a sheoladh roimh ré. Ba cheart don doiciméad aitheantais a ghabhann leis na hainmhithe eachaí atá le marú an fhaisnéis sin maidir leis an mbiashlabhra a chomhlánú dá bhrí sin. I gcomhréir le pointe 8 den Roinn III sin, seiceálfaidh oibreoirí an ghnó bia pasanna a ghabhann leis na hainmhithe eachaí lena áirithiú nach mbeidh an t-ainmhí eisiata ó mharú mar bhia don duine. Má ghlacann oibreoirí an ghnó bia an t-ainmhí lena mharú, tabharfaidh siad an pas don tréidlia oifigiúil.

([16]) An Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE), *Gluaiseacht Capall Iomaíochta Idirnáisiúnta a Éascú. Comhpháirtíocht OIE - IHSC le haghaidh gluaiseachtaí idirnáisiúnta sábháilte capall iomaíochta.* https://www.oie.int/en/scientific-expertise/specific-information-and-recommendations/international-competition-horse-movement/

([17]) https://www.oie.int/en/standard-setting/terrestrial-code/access-online/ (Eagrán 2019)

([18]) Treoir 90/428/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1990 maidir le trádáil in *equidae* atá beartaithe le haghaidh iomaíochta agus lena leagtar síos na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht iontu (IO L 224, 18.8.1990, lch. 60).

([19]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le cur i bhfeidhm rialacha coiscthe agus rialaithe galar áirithe ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a chruthaíonn baol suntasach do leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

(31) Déantar bia-ainmhithe a shainiú i Rialachán (AE) 2019/6 trí thagairt a dhéanamh don sainmhíniú i bpointe (b) d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]). Tá feidhm ag forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2019/6, lena n-áirítear iad sin atá leagtha síos in Airteagail 112 agus 115, maidir le speicis ainmhithe a meastar gur bia-ainmhithe iad, lena n-áirítear dá bhrí sin ainmhithe aonair nach bhfuil sé beartaithe iad a úsáid mar bhia don duine, ach ar le speiceas iad a úsáidtear go dleathach mar bhia don duine san Aontas.

(32) Ag cur cás sonrach na n-ainmhithe eachaí a bheirtear mar ainmhithe de speiceas bia-ainmhithe, ach nach ndéantar a phórú go príomha i ngach cás chun na críche sin agus nach gcoimeádtar i dtromlach na gcásanna ar feadh a saolré de réir oibreoirí gnólachtaí bia mar a shainmhínítear i bpointe 3 d'Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]) san áireamh, is gá foráil a dhéanamh maidir le nós imeachta lena n-áirithítear nasc slán idir na seiceálacha ar an doiciméad aitheantais saolré aonair ar chúiseanna sláinte poiblí agus bainistíocht an doiciméid aitheantais saolré aonair i gcomhréir leis an Rialachán seo.

(33) Tá an bunachar sonraí ríomhaireachta a bhunóidh na Ballstáit ríthábhachtach chun faisnéis áirithe a leagtar amach sa doiciméad aitheantais saolré aonair a fhíorú sula dtógtar cinneadh an t-ainmhí eachaí sin a ghlacadh lena mharú mar bhia don duine. I gcás nach meaitseálann an fhaisnéis a mhéid a bhaineann le heisiamh ó mharú mar bhia don duine sa roinn tiomnaithe den doiciméad aitheantais saolré aonair an fhaisnéis atá taifeadta sa bhunachar sonraí ríomhaireachta, ba cheart tosaíocht a thabhairt don fhaisnéis atá i gceachtar acu, faisnéis as a n-eisiatar an t-ainmhí eachaí ó mharú mar bhia don duine.

(34) I gcás nach féidir aitheantas an ainmhí eachaí a dheimhniú go cinnte, d'fhéadfadh gá a bheith ann é a eisiamh ó mharú mar bhia don duine. Is gá dá bhrí sin rialacha a leagan síos, lena mbítear in ann eisiamh ainmhí eachaí ó mharú mar bhia don duine a dhoiciméadú go neamhspleách ó thabhairt táirge íocshláinte atá i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 112(4) de Rialachán (AE) 2019/6.

(35) Ó tharla gurb é táirge íocshláinte a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 112(4) de Rialachán (AE) 2019/6 an t-aon chúis amháin atá fós ann chun ainmhí eachaí a eisiamh ó mharú mar bhia don duine, cé is moite de chás ina n-ordaíonn an t-údarás inniúil eisiamh den sórt sin ar chúiseanna riaracháin, níor cheart gá a bheith leis níos mó chun foráil a dhéanamh maidir le comhshíniú oibreoir an ainmhí nuair a bhítear ag eisiamh an ainmhí eachaí ó mharú mar bhia don duine i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais.

(36) An tráth céanna, níor cheart táirgí íocshláinte tréidliachta a thabhairt d'ainmhí eachaí atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2019/6 a cheadú ach amháin tar éis an t-ainmhí a bheith eisiata ó mharú mar bhia don duine i ndiaidh táirge íocshláinte a thabhairt, i gcomhréir le hAirteagal 112(4) den Rialachán sin.

(37) I gcomhréir le hAirteagal 109(2) de Rialachán (AE) 2019/6, is gá freisin formáid shamplach a bhunú maidir leis an bhfaisnéis is gá chun táirgí íocshláinte atá ar áireamh sa liosta substaintí arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 115(5) den Rialachán sin a thabhairt. I láthair na huaire, tá an liosta substaintí atá riachtanach le cóireáil a chur ar ainmhithe eachaí, nó a bhfuil breisluach cliniciúil ag baint leo i gcomparáid le cineálacha eile cóireála atá ar fáil do speicis eachaí agus a mbeidh a dtréimhse aistarraingthe do speicis eachaí sé mhí, leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 1950/2006 ón gCoimisiún ([22]).

(38) Tá formáid na faisnéise is gá chun Airteagal 115(5) de Rialachán (AE) 2019/6 a chur i bhfeidhm agus a bheidh sa doiciméad aitheantais saolré aonair oiriúnach freisin chun fionraíocht riaracháin ar feadh íostréimhse 6 mhí maidir le marú mar bhia don duine ainmhí eachaí a tháirgeann bia, chun an fhionraíocht sin a thaifeadadh, sna cásanna sin, faoi choinníollacha dochta, ina ndéantar leagan dúblach den doiciméad aitheantais saolré aonair a eisiúint gan an t-ainmhí eachaí ó mharú mar bhia don duine.

---

([20]) Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail chun teorainneacha na n-iarmhar a bhunú do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta i mbia-ábhair de thionscnamh ainmhíoch, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2377/90 ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 152, 16.6.2009, lch. 11).

([21]) IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.

([22]) Rialachán (CE) Uimh. 1950/2006 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2006 lena mbunaítear, i gcomhréir le Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte tréidliachta, liosta substaintí atá fíor-riachtanach chun cóireáil a chur ar ainmhithe eachaí agus substaintí a bhfuil breisluach cliniciúil ag baint leo (IO L 367, 22.12.2006, lch. 33).

(39) Tá feidhm ag na rialacha a leagtar síos i dTreoir 96/22/CE ón gComhairle ([23]) maidir le hainmhithe feirme, lena n-áirítear ainmhithe eachaí, chomh maith le hainmhithe fiáine na speiceas sin a tógadh ar ghabháltas. Ceadaítear le hAirteagal 7 den Treoir sin do thrádáil in ainmhithe eachaí cláraithe dar tugadh táirgí íocshláinte tréidliachta ina bhfuil treanbólón ailille nó béite-agónaithe chun críoch zóiteicniúil, mar a shonraítear in Airteagal 4 den Treoir sin, tarlú roimh dheireadh na tréimhse aistarraingthe, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha lena rialaítear tabhairt na dtáirgí sin agus go ndéantar an cineál cóireála agus dáta na cóireála a thaifeadadh sa deimhniú nó sa phas a ghabhann leis na hainmhithe sin.

(40) Leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([24]), i measc nithe eile, coinníollacha maidir le hainmhithe eachaí ó thríú tíortha a thabhairt isteach san Aontas agus láimhseáil na n-ainmhithe sin tar éis iad a thabhairt isteach. Ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le riail 30 lá chun ainmhithe eachaí a thagann isteach san Aontas a shainaithint. Ó tharla go dtagann líon substaintiúil capall isteach san Aontas ar bhonn sealadach, ba cheart don tréimhse 30 lá tosú tar éis chur i gcrích an nós imeachta custaim a éilítear le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht, nós imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([25]).

(41) Tagann capaill chláraithe i gcomhair iomaíochta agus rásaíochta faoi fhorálacha Airteagail 136(1)(b), 139(1) agus 141(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún ([26]) maidir leis an nós imeachta um chead isteach sealadach. Ceadaítear leis na forálacha sin, i measc nithe eile, na hearraí le “haon ghníomh eile” a dhearbhú, lena n-áirítear an gníomh aonair ina dtrasnaíonn na hearraí teorainn chríoch custaim an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 141(1)(d) den Rialachán sin.

(42) Féadfar ainmhithe pórúcháin folaíochta den speiceas eachaí a thagann isteach san Aontas chun críoch pórúcháin a chur faoin nós imeachta próiseála isteach dá bhforáiltear in Airteagal 256 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, faoina bhféadfar earraí nach as an Aontas iad a úsáid i gcríoch custaim an Aontais in oibríocht próiseála amháin nó níos mó ná sin agus gan na hearraí sin a bheith faoi réir dleacht allmhairiúcháin, muirir eile agus bearta beartais tráchtála, a mhéid nach gcuireann siad bac ar earraí a thabhairt isteach i gcríoch custaim an Aontais nó ar iad a thabhairt amach aisti. Ceadaítear na capaill i gcomhair pórúcháin leis an nós imeachta próiseála isteach agus ceadaítear a n-aschur pórúcháin lena scaoileadh i saorchúrsaíocht nó lena n-athonnmhairiú ag deireadh na n-oibríochtaí próiseála, mar aon le bealaí malartacha eile chun an nós imeachta sin a chur i gcrích.

(43) Nuair a eisítear doiciméad aitheantais saolré aonair le haghaidh ainmhí eachaí a tháinig isteach san Aontas ó thríú tír agus a scaoileadh i saorchúrsaíocht, ba cheart don údarás inniúil tar éis é a thabhairt isteach san Aontas an t-ainmhí eachaí a eisiamh mar ainmhí ag a bhfuil stádas mar ainmhí atá ceadaithe lena mharú mar bhia don duine mura bhfuil an tríú tír tionscnaimh liostaithe i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún ([27]) nó má tá cúiseanna eile ann gan deimhniú a dhéanamh ar an bhfianú sláinte poiblí i bpointe II.1.6 den deimhniú oifigiúil a ghabhann leis an ainmhí eachaí chuig an teorainn a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún ([28]).

(44) Foráiltear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1940 ón gCoimisiún ([29]) maidir le hinneachar agus formáid na ndeimhnithe zóiteicniúla arna n-eisiúint le haghaidh ainmhithe pórúcháin folaíochta den speiceas eachaí atá le bheith sa doiciméad aitheantais saolré aonair. Dá bhrí sin, ba cheart na rialacha a leagan síos sa Rialachán seo maidir le faisnéis a iontráil ar ainmhithe pórúcháin folaíochta den speiceas eachaí sa deimhniú zóiteicniúil atá sa doiciméad aitheantais saolré aonair.

---

([23]) Treoir 96/22/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 a bhaineann le toirmeasc ar shubstaintí áirithe a ngabhann gníomhaíocht hormónach nó thíreastatach leo, agus ar bhéite-agónaithe, a úsáid i bhfeirmeoireacht stoic agus lena n-aisghairtear Treoir 81/602/CEE, Treoir 88/146/CEE agus Treoir 88/299/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 3).

([24]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thabhairt isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad a thabhairt isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

([25]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

([26]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1).

([27]) Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna arna gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

([28]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin a thabhairt isteach san Aontas agus maidir lena ngluaiseachtaí idir na Ballstáit, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE (IO L 113, 31.3.2021, lch. 1)

([29]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1940 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le hinneachar agus formáid na ndeimhnithe zóiteicniúla arna n-eisiúint le haghaidh ainmhithe pórúcháin folaíochta den speiceas eachaí atá sa doiciméad aitheantais saolré aonair le haghaidh ainmhithe eachaí (IO L 275, 25.10.2017, lch. 1).

(45) I Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle ([30]), sainmhínítear "*equidae* cláraithe" a shainmhíniú trí bhíthin tagairt do Threoir 90/426/CEE ón gComhairle ([31]). Ó tharla nach n-úsáidtear an téarma sin i Rialachán (AE) 2016/429, ba cheart a shoiléiriú go bhfuil an téarma sin ar comhchiall le "ainmhí eachaí cláraithe" mar a shainmhínítear sa Rialachán seo.

(46) D'fhonn reachtaíocht an Aontais maidir le sainaithint ainmhithe eachaí sna Ballstáit a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus chun a áirithiú go bhfuil sé soiléir agus trédhearcach, ba cheart don Rialachán Cur Chun Feidhme seo na dátaí dá dtagraítear in Airteagal 86 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 a chinneadh. Ós rud é go bhfuil feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón 21 Aibreán 2021, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta sin freisin. Toisc nach bhfuil feidhm, áfach, ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/577 ach amháin ón 28 Eanáir 2022, ba cheart feidhm a bheith ag Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/262 ón gCoimisiún ([32]) go dtí an 27 Eanáir 2022.

(47) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, an Bhuanchoiste um Tháirgí Íocshláinte Tréidliachta agus an Bhuanchoiste ar Zóiteicnic,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CUID 1

## RIALACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

### Ábhar agus raon feidhme

1. Cuireann an Rialachán seo chun feidhme na rialacha dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4 i leith ainmhithe eachaí ar coimeád:

(a) a rugadh san Aontas;

(b) tar éis iad a thabhairt isteach sna críocha atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/625 agus a scaoiltear i saorchúrsaíocht, cé is moite dá dtabhairt isteach san Aontas arís tar éis iad a onnmhairiú go sealadach chuig tríú tíortha.

2. Leagtar síos rialacha ginearálta agus rialacha sonracha sa Rialachán seo chun an córas sainaitheanta agus clárúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 108(1) de Rialachán (AE) 2016/429 a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach maidir le hainmhithe eachaí agus catagóirí difriúla díobh, chun a oibriú éifeachtúil a áirithiú, lena n-áirítear:

(a) rochtain aonfhoirmeach ar shonraí sa bhunachar sonraí ríomhaireachta, agus sonraíochtaí teicniúla agus rialacha oibríochtúla an bhunachair sonraí ríomhaireachta dá dtagraítear in Airteagal 109(1)(d) de Rialachán (AE) 2016/429 agus in Airteagal 64 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035, agus na sprioc-amanna, na hoibleagáidí agus na nósanna imeachta maidir le tarchur faisnéise ó oibreoirí nó daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha eile agus chun ainmhithe eachaí a chlárú sna bunachair sonraí ríomhaireachta;

(b) na sonraíochtaí agus na nósanna imeachta teicniúla, formáidí, dearadh agus rialacha oibríochtúla maidir leis na bealaí agus na modhanna sainaitheantais ainmhithe eachaí, lena n-áirítear:

(i) na tréimhsí ama le haghaidh chur i bhfeidhm na mbealaí agus na modhanna sainaitheantais;

(ii) na bealaí agus na modhanna sainaitheantais agus na sprioc-amanna le haghaidh oibríochtaí den sórt sin a bhaint, a mhodhnú nó a chur ina n-áit;

(iii) cumraíocht an chóid sainaitheantais;

([30]) Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 maidir le cosaint ainmhithe le linn iompair agus oibríochtaí gaolmhara agus lena leasaítear Treoracha 64/432/CEE agus 93/119/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1255/97 (IO L 3, 5.1.2005, lch. 1).

([31]) Treoir 90/426/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1990 maidir le coinníollacha sláinte ainmhithe a rialaíonn gluaiseacht agus allmhairiú ainmhithe eachaí ó thríú tíortha (IO L 224, 18.8.1990, lch. 42).

([32]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/262 ón gCoimisiún an 17 Feabhra 2015 lena leagtar síos na rialacha de bhun Threoracha 90/427/CEE agus 2009/156/CE ón gComhairle i dtaca leis na modhanna chun ainmhithe eachaí a shainaithint (Rialachán Pas Eachaithe) (IO L 59, 3.3.2015, lch. 1).

(c) na sonraíochtaí teicniúla, na formáidí agus na rialacha oibríochtúla le haghaidh na ndoiciméad aitheantais saolré aonair d'ainmhithe eachaí;

(d) cur i bhfeidhm praiticiúil na maoluithe ó cheanglais sainaitheanta agus clárúcháin ainmhithe eachaí áirithe a bhfuil sé beartaithe iad a mharú agus le haghaidh ainmhithe eachaí a choimeádtar faoi choinníollacha leathfhiáine;

(e) rialacha maidir leis an doiciméad aitheantais saolré aonair a úsáid le haghaidh gluaiseachtaí ainmhithe eachaí a dhéantar i gcomhréir leis an maolú a bhaineann le fad bhailíocht an deimhnithe sláinte ainmhithe dá bhforáiltear in Airteagal 92(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688;

(f) foirmeacha samplacha is gá chun an doiciméad aitheantais saolré aonair a úsáid chun críoch spóirt agus le haghaidh gluaiseacht idirnáisiúnta capall iomaíochta arna mholadh ag an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE);

(g) ainmhithe eachaí a tháinig isteach san Aontas ó thríú tíortha a shainaithint.

3. Leagtar síos leis an Rialachán seo na rialacha maidir leis na foirmeacha samplacha is gá chun Airteagal 112(4) agus Airteagal 115(5) de Rialachán (AE) 2019/6 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/577 atá le bheith sa doiciméad aitheantais saolré aonair a chur i bhfeidhm, agus rialacha maidir le cóireálacha áirithe a dhoiciméadú i gcomhréir le Treoir 96/22/CEE.

4. Leagtar síos leis an Rialachán seo na rialacha maidir leis na foirmeacha samplacha chun an fhaisnéis a leagtar amach i gCaibidil I de Chuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1012 agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1940 a bheidh i ndoiciméad aitheantais saolré aonair le haghaidh ainmhithe pórúcháin folaíochta den speiceas eachaí a chur isteach.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "ainmhí eachaí", ainmhí ar coimeád de cheann de na speicis a bhaineann leis an ngéineas *Equus*, lena n-áirítear capaill, asail agus séabraí, agus óga chrosálacha na speiceas sin;

(2) ciallaíonn "bunaíocht" an bhunaíocht mar a shainmhínítear i bpointe (27) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/429;

(3) ciallaíonn "oibreoir" aon duine nádúrtha nó dlítheanach, a bhfuil ainmhithe eachaí faoina chúram nó faoina cúram, lena n-áirítear ar feadh tréimhse teoranta ama, ach nach n-áiríonn tréidlianna;

(4) ciallaíonn "úinéir" an duine nádúrtha nó duine dlítheanach arb é úinéir an ainmhí eachaí é nó í;

(5) ciallaíonn "ainmhí eachaí cláraithe", nó "*equidae* cláraithe":

   (a) ainmhí pórúcháin folaíochta den speiceas *Equus caballus* nó *Equus asinus* a thugtar isteach nó atá incháilithe lena thabhairt isteach i bpríomhchuid ghraíleabhair arna bhunú ag cumann pórúcháin atá aitheanta i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/1012 nó comhlacht pórúcháin atá liostaithe i gcomhréir le hAirteagal 34 de sin;

   (b) ainmhí eachaí den speiceas *Equus caballus* atá cláraithe le cumann idirnáisiúnta nó le heagraíocht idirnáisiúnta, go díreach nó trína chónaidhm náisiúnta nó trína bhrainsí náisiúnta, a bhainistíonn capaill i gcomhair iomaíochta nó rásaíochta ("capall cláraithe");

(6) ciallaíonn "pórleabhar" pórleabhar mar a shainmhínítear i bpointe (12) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2016/1012;

(7) ciallaíonn "príomhchuid" an phríomhchuid de phórleabhar mar a shainmhínítear i bpointe (13) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2016/1012;

(8) ciallaíonn "cumann póir" cumann póir mar a shainmhínítear i bpointe (5) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2016/1012;

(9) Ciallaíonn "comhlacht pórúcháin" comhlacht pórúcháin mar a shainmhínítear i bpointe (7) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2016/1012;

(10) ciallaíonn "ainmhithe eachaí a bhfuil sé beartaithe iad a mharú" ainmhithe eachaí atá le hiompar díreach chuig seamlas nó tar éis dóibh dul faoi oibríocht tionóil;

(11) ciallaíonn “ainmhí eachaí ardsláinte” ainmhí eachaí atá incháilithe le gluaiseacht chuig Ballstáit eile i gcomhréir le hAirteagal 92(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688;

(12) ciallaíonn “údarás inniúil” údarás tréidliachta lárnach Ballstáit mar a shainmhínítear i bpointe (55) d’Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/429;

(13) ciallaíonn “údarás zóiteicniúil” an t-údarás inniúil mar a shainmhínítear i bpointe (8) d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2016/1012;

(14) ciallaíonn “deimhniú zóiteicniúil” an deimhniú zóiteicniúil a shainmhínítear i bpointe (20) d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2016/1012 agus a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1940;

(15) ciallaíonn “marc” aon saintréith shainiúil d’ainmhí eachaí atá ann de dhúchas nó a fuair siad, ar saintréith í atá infheicthe nó ar féidir í a dhéanamh infheicthe agus ar féidir í a thaifeadadh chun críoch aitheantais;

(16) ciallaíonn “trasfhreagróir” an sainaitheantóir leictreonach a shainmhínítear i bpointe (23) d’Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035;

(17) ciallaíonn “cód uathúil” an cód uathúil a shainmhínítear i bpointe (17) d’Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035;

(18) Ciallaíonn “Uimhir Shaoil Uilíoch Eachaí” (UELN) cód sainiúil alfa-uimhriúil 15-dhigit lena dtiomsaítear faisnéis maidir leis an ainmhí eachaí aonair agus an bunachar sonraí agus an tír inar taifeadadh an fhaisnéis sin i dtús báire i gcomhréir leis an gcóras códaithe arna bhainistiú ag institiúid na France um chapaill agus marcaíocht (IFCE), institiúid a dhéanann suíomh gréasáin UELN a óstáil;

(19) ciallaíonn “cárta cliste” gaireas plaisteach le slis ríomhaire leabaithe ann atá in ann sonraí a stóráil agus iad a tharchur go leictreonach chuig córais ríomhaireachta chomhoiriúnacha;

(20) ciallaíonn “tréidlia freagrach” an tréidlia dá dtagraítear in Airteagail 112 agus 113 de Rialachán (AE) 2019/6 atá freagrach as cóireáil íocshláinte ainmhí eachaí, as doiciméadacht na cóireála sin agus as an iarmhairt a bheidh aici ar stádas an ainmhí eachaí mar ainmhí a bhfuil sé beartaithe é a mharú mar bhia don duine nó atá eisiata ó mharú mar bhia don duine i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(21) ciallaíonn “bunachar sonraí ríomhaireachta” an bunachar sonraí ríomhaireachta arna bhunú ag Ballstát chun faisnéis a bhaineann le hainmhithe ar coimeád den speiceas eachaí a thaifeadadh, dá bhforáiltear sa chéim thosaigh agus i bpointe (d) d’Airteagal 109(1) de Rialachán (AE) 2016/429;

(22) ciallaíonn “doiciméad aitheantais saolré aonair” an doiciméad saolré aonair i gcás ina n-éilítear ar oibreoirí ainmhithe eachaí a áirithiú go ndéantar na hainmhithe sin a shainaithint go haonarach, dá bhforáiltear in Airteagal 114(1) de Rialachán (AE) 2016/429;

(23) ciallaíonn “marc bailíochtaithe” iontráil sa doiciméad aitheantais saolré aonair arna dhéanamh ag an údarás inniúil i gcomhréir leis an aidhm dá dtagraítear in Airteagal 92(2)(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688;

(24) ciallaíonn “ceadúnas” iontráil sa doiciméad aitheantais saolré aonair, arna dhéanamh le haghaidh na rannpháirtíochta i gcomórtais eachaíochta ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta ag cónaidhm náisiúnta na Cónaidhme Idirnáisiúnta Eachaíochta nó le haghaidh rannpháirtíocht i rásaí ag an údarás rásaíochta inniúil i gcomhréir leis an aidhm dá dtagraítear in Airteagal 92(2)(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 agus chun na críocha dá dtagraítear ann;

(25) ciallaíonn “comhlacht tarmligthe” an comhlacht tarmligthe a shainmhínítear i bpointe (5) d’Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2017/625, arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 108(5)(c) de Rialachán (AE) 2016/429 chun a áirithiú go gcuirfear an córas sainaitheanta agus clárúcháin arna bhunú d’ainmhithe eachaí i bhfeidhm go praiticiúil, lena n-áirítear doiciméid aitheantais saolré aonair a eisiúint agus a sheachadadh le haghaidh ainmhithe eachaí. Tagraítear don chomhlacht mar “comhlacht eisiúna” i gCaibidlí 2 agus 3 de Theideal IV de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035.

*Airteagal 3*

**An ról atá ag oibreoirí agus ag úinéirí**

1. Gníomhóidh oibreoir ainmhí eachaí, nach é úinéir nó duine d’úinéirí an ainmhí eachaí é, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo thar ceann úinéir nó ionadaí úinéirí an ainmhí eachaí agus i gcomhaontú leo.

2. Féadfaidh Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, comhlachtaí tarmligthe éileamh a dhéanamh go gcuirfidh an t-úinéir nó ionadaí de chuid na n-úinéirí na hiarratais seo a leanas arna ndéanamh chucu ag oibreoirí isteach:

(a) iarratais chun doiciméid aitheantais saolré aonair a eisiúint, dá bhforáiltear in Airteagal 22;

(b) iarratais chun doiciméid aitheantais dhúblacha a eisiúint, dá bhforáiltear in Airteagal 25;

(c) iarratais chun doiciméid aitheantais athsholáthair a eisiúint, dá bhforáiltear in Airteagal 26;

(d) iarratais chun mionsonraí aitheantais a mhodhnú i ndoiciméid aitheantais saolré aonair atá ann cheana, dá bhforáiltear in Airteagal 30.

CUID 2

**AN CÓRAS SAINAITHEANTA MAIDIR LE hAINMHITHE EACHAÍ A CHUR I bhFEIDHM GO hAONFHOIRMEACH**

*CAIBIDIL I*

***Rialacha aonfhoirmeacha maidir leis an mbunachar sonraí ríomhaireachta arna bhunú le haghaidh ainmhithe eachaí***

*Airteagal 4*

**Faisnéis a bhaineann le húdaráis inniúla agus comhlachtaí tarmligthe a eisíonn doiciméid aitheantais saolré aonair le haghaidh ainmhithe eachaí**

1. Tarraingeoidh na Ballstáit liosta suas agus coimeádfaidh siad liosta cothrom le dáta d'údaráis inniúla agus, i gcás inarb infheidhme, de chomhlachtaí tarmligthe, atá freagrach as doiciméid aitheantais saolré aonair a eisiúint le haghaidh ainmhithe eachaí agus cuirfidh siad an liosta sin ar fáil do na Ballstáit eile agus don phobal ar shuíomh gréasáin arna bhunú ag an údarás inniúil.

2. Beidh ar áireamh sa liosta dá bhforáiltear i mír 1:

(a) na sonraí teagmhála is gá chun ceanglais Airteagail 8, 9, 11, 22, 27 agus 28 a chomhlíonadh;

(b) beidh sé sothuigthe a dhóthain do chainteoirí nach cainteoirí dúchais iad agus beidh sé inrochtana go díreach tríd an nasc idirlín arna sholáthar don Choimisiún i gcomhréir le mír 3, nasc a bheidh ag obair ag gach tráth.

3. Chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit na liostaí cothrom le dáta dá bhforáiltear i mír 1 a chur ar fáil, bunóidh an Coimisiún suíomh gréasáin ag a soláthróidh gach Ballstát nasc díreach chuig an bhfaisnéis a éilítear ar an suíomh gréasáin dá bhforáiltear i mír 1.

*Airteagal 5*

**Cód a shannadh don bhunachar sonraí ríomhaireachta agus bunachair sonraí na gcomhlachtaí tarmligthe**

1. Sannfaidh an t-údarás inniúil cód don bhunachar sonraí ríomhaireachta, agus i gcás inarb infheidhme do gach bunachar sonraí arna bhunú faoi chreat an bhunachair sonraí ríomhaireachta ag comhlachtaí tarmligthe, ag cumainn phóir agus ag na heagraíochtaí agus an cumann dá dtagraítear in Airteagal 2(5)(b) a thaifeadann mionsonraí aitheantais na n-ainmhithe eachaí.

2. An cód dá bhforáiltear i mír 1, beidh sé comhoiriúnach le córas códúcháin UELN agus is éard a bheidh ann cód sé dhigit don bhunachar sonraí ríomhaireachta agus do gach bunachar sonraí arna bhunú faoi chreat an bhunachair sonraí ríomhaireachta, cód ina mbeidh:

(a) trí dhigit le haghaidh cód tíre uimhriúil ISO 3166;

(b) trí dhigit alfa-uimhriúla don bhunachar sonraí.

*Airteagal 6*

**Sonraí aitheantais a thaifeadadh sa bhunachar sonraí ríomhaireachta**

1. Ag tráth chéad aitheantas ainmhí eachaí, déanfaidh an t-údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, na cumainn phóir agus na heagraíochtaí agus an cumann dá dtagraítear in Airteagal 2(5)(b), mionsonraí aitheantais an ainmhí eachaí a thaifeadadh sa bhunachar sonraí ríomhaireachta faoin gcód uathúil.

2. Cuimseofar sa chód uathúil dá dtagraítear i mír 1:

(a) an cód a sannadh don bhunachar sonraí ríomhaireachta nó do bhunachair sonraí comhlachtaí tarmligthe agus cumann póir agus na heagraíochtaí agus an cumann dá dtagraítear in Airteagal 2(5)(b) i gcomhréir le hAirteagal 5(2), agus ina dhiaidh sin,

(b) uimhir aitheantais naoi-ndigit aonair atá sannta don ainmhí eachaí.

3. Is éard a bheidh sa chód uathúil an tagairt maidir le haon rochtain ar mhalartú sonraí agus an malartú sonraí idir na bunachair sonraí ríomhaireachta agus bunachair sonraí comhlachtaí tarmligthe agus cumann póir agus na eagraíochtaí agus an cumann dá dtagraítear in Airteagal 2(5)(b).

4. I gcás ina mbunaíonn comhlachtaí tarmligthe, cumainn phóir agus na heagraíochtaí agus an cumann dá dtagraítear in Airteagal 2(5)(b), i gcás ina mbunaíonn siad bunachair sonraí faoi chreat an bhunachair sonraí ríomhaireachta, áiritheoidh siad go mbeidh ar a laghad an fhaisnéis dá bhforáiltear i bpointí 1 go 7 de Chuid A agus i gCuid C de Roinn I agus i gCuid II de Roinn II den doiciméad aitheantais samplach le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II, léirithe sa bhunachar sonraí ríomhaireachta.

*Airteagal 7*

**Rialacha oibríochtúla bhunachair sonraí ríomhaireachta ainmhithe eachaí agus rochtain ar na sonraí iontu**

1. Cuirfidh na Ballstáit bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí chun feidhme lena áirithiú go leanfaidh na bunachair sonraí ríomhaireachta ag feidhmiú i gcás ina bhféadfaí cur isteach orthu, agus slándáil, cosaint, sláine agus barántúlacht na faisnéise arna taifeadadh sna bunachair sonraí ríomhaireachta.

2. Áiritheoidh na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, go mbeidh ag oibreoirí bunaíochta i leith ainmhithe eachaí arna gcoimeád ar a mbunaíocht, ag oibreoirí ainmhithe eachaí i leith a n-ainmhithe, agus ag oibreoirí seamlais i leith ainmhithe eachaí a chuirtear i láthair lena marú chuig a seamlas, rochtain atá inléite amháin agus saor in aisce, agus an méid sin ar a laghad, ar an bhfaisnéis seo a leanas sa bhunachar sonraí ríomhaireachta maidir leis na hainmhithe eachaí a luadh roimhe seo:

(a) an cód uathúil mar a thugtar tuairisc air in Airteagal 6(2);

(b) nuair a bheidh sé ar fáil, cód aitheantais an ainmhí dá dtagraítear i bpointe (1) de Chuid 1 nó i bpointe (2) de Chuid 2 d'Iarscríbhinn I agus arna thaispeáint tríd an modh fisiciúil sainaitheanta dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c), (e) nó (f) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035;

(c) stádas an ainmhí eachaí a bhfuil sé beartaithe é a mharú mar bhia don duine nó atá eisiata ó mharú mar bhia don duine.

3. Soláthróidh na Ballstáit rochtain inléite inscríofa do na húdaráis inniúla agus do na comhlachtaí tarmligthe ar an mbunachar sonraí ríomhaireachta chun mionsonraí aitheantais ainmhithe eachaí a iontráil nó chun sonraí a mhalartú idir an bunachar sonraí ríomhaireachta sin agus bunachair sonraí arna gcoimeád ag comhlachtaí tarmligthe.

4. Soláthróidh na Ballstáit d'údaráis inniúla Ballstáit eile, nó mar is infheidhme do chomhlachtaí tarmligthe sna Ballstáit eile sin arna liostú i gcomhréir le hAirteagal 4(1) rochtain inléite amháin saor in aisce ar an bhfaisnéis atá mionsonraithe i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 2 atá ina mbunachair sonraí ríomhaireachta maidir leis na hainmhithe eachaí a choimeádtar de ghnáth ar a gcríoch.

5. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit rochtain inléite inscríofa a dheonú d'oibreoirí ainmhithe eachaí dá dtagraítear in Airteagal 102(4) de Rialachán (AE) 2016/429 agus do thréidlianna freagracha ar thacair sonraí ábhartha sa bhunachar sonraí ríomhaireachta, ar choinníoll go ráthaítear cosaint sonraí i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.

*Airteagal 8*

**Na coinníollacha teicniúla agus na modúlachtaí chun sonraí leictreonacha a mhalartú idir bunachair sonraí ríomhaireachta Ballstát i leith ainmhithe eachaí**

1. I gcás ina gcinneann Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 108(4) de Rialachán (AE) 2016/429, mionsonraí aitheantais ainmhithe eachaí atá ina mbunachair sonraí ríomhaireachta a mhalartú go díreach leis na bunachair sonraí ríomhaireachta comhfhreagracha i mBallstáit eile, déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 64 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 a mhalartú mar shonraí leictreonacha idir bunachair sonraí ríomhaireachta Ballstáit i bhformáid Sainmhíniú Scéimre XML (XSD) arna chur ar fáil ag an gCoimisiún ar bhonn na gcaighdeán ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 37 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715.

2. Féadfaidh an t-údarás inniúil atá freagrach as an mbunaíocht a bhfuil an t-ainmhí eachaí bogtha chuige le haghaidh gnáthchónaí an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a iarraidh ó údarás inniúil na bunaíochta tionscnaimh agus cuirfear stampa ama ar gach tarchur.

*Airteagal 9*

**Sprioc-amanna agus oibleagáidí maidir le hainmhithe eachaí a chlárú sa bhunachar sonraí ríomhaireachta**

Áiritheoidh oibreoirí go dtarchuirfear ainmhithe eachaí chuig an údarás inniúil an fhaisnéis a éilítear i gcomhréir le pointí (b) agus (c) d'Airteagal 64 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 laistigh de thréimhse arna socrú ag an údarás inniúil, nach mbeidh nach mó ná tréimhse 7 lá ón dáta ar a ndéantar an t-ainmhí eachaí a thaifeadadh i gcomhréir le hAirteagal 102(1)(b)(ii) de Rialachán (AE) 2016/429 mar ainmhí eachaí ar a bhfuil gnáthchónaí i mbunaíocht an oibreora.

CAIBIDIL II

***Sonraíochtaí agus nósanna imeachta teicniúla, formáidí, dearadh agus rialacha oibríochtúla na mbealaí agus na modhanna sainaitheantais***

Roinn 1

**Sonraíochtaí agus nósanna imeachta teicniúla, formáidí, dearadh agus rialacha chun na bealaí agus na modhanna sainaitheantais a chur i bhfeidhm**

*Airteagal 10*

**Sonraíochtaí teicniúla le haghaidh na mbealaí agus na modhanna sainaitheantais**

1. Bunóidh na Ballstáit córas ionas go n-áiritheofaí sainiúlacht an chóid a thaispeánann trasfhreagróirí agus a úsáidtear in aitheantóirí leictreonacha, cuir i gcás trasfhreagróirí in-insteallta, clibeanna cluaise leictreonacha nó bandaí cinn crúibe leictreonacha, chun ainmhithe eachaí a rugadh san Aontas a shainaithint nó a scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas tar éis iad a thabhairt isteach san Aontas ó thríú tír.

2. Comhlíonfaidh na haitheantóirí leictreonacha na sonraíochtaí teicniúla mar a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I.

3. Comhlíonfaidh na clibeanna cluaise agus na bandaí cinn crúibe na sonraíochtaí teicniúla mar a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I.

*Airteagal 11*

**Tréimhsí ama chun na modhanna sainaitheantais a chur i bhfeidhm**

1. Áiritheoidh oibreoirí ainmhithe eachaí go gcuirfear trasfhreagróirí in-insteallta nó, i gcomhréir le hAirteagal 59(1)(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035, clibeanna cluaise in ainmhithe eachaí an tráth céanna, nó gairid roimh an dáta, a líonfar an fhoirm aitheantais is gá chun cur isteach ar eisiúint an doiciméid aitheantais saolré aonair laistigh den tréimhse ama i gcomhair aitheantais a leagtar síos in Airteagal 21.

2. Áiritheoidh oibreoirí ainmhithe eachaí a bhfuil sé beartaithe iad a bhogadh chuig seamlas i gcomhréir le hAirteagal 43(2) go gcuirfear na modhanna sainaitheantais i bhfeidhm ar an ainmhí eachaí díreach tar éis an doiciméadacht chomhfhreagrach a fháil ón údarás inniúil arna heisiúint i bhformáid arna soláthar ag an údarás inniúil chun na ceanglais faisnéise maidir leis an mbiashlabhra a leagtar amach i Roinn III d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a chomhlíonadh.

3. Ní bheidh feidhm ag an moill theoranta idir na modhanna sainaitheantais a chur i bhfeidhm agus an fhoirm aitheantais a líonadh isteach chun iarratas a dhéanamh ar dhoiciméad aitheantais saolré aonair a eisiúint mar a fhoráiltear i mír 1 maidir le sainaithint na n-ainmhithe seo a leanas:

(a) ainmhithe eachaí a mhaireann faoi choinníollacha leathfhiáine arna sainaithint i gcomhréir le hAirteagal 60 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035;

(b) searraigh atá níos óige ná 6 mhí d'aois nuair atá marc orthu trí mhodh sainaitheantais chun críoch deimhniúcháin chun dul lena máthar le haghaidh tréimhse sealadach sna háiteanna seo a leanas:

(i) Ballstáit eile ar feadh tréimhse níos lú ná 30 lá i gcomhréir le pointe (c)(iii) d'Airteagal 64 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035; nó

(ii) tríú tír.

*Airteagal 12*

**Bearta chun aitheantas ainmhithe eachaí roimhe seo a bhrath**

1. Roimh na modhanna sainaitheantais a chur i bhfeidhm ar an ainmhí eachaí i gcomhréir le hAirteagal 13, áiritheoidh an t-údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, nó an tréidlia nó an duine cáilithe dá dtagraítear in Airteagal 13(1), go nglacfar bearta chun comharthaí nó marcanna féideartha a thugann aitheantas an ainmhí eachaí roimhe sin le fios trí thrasfhreagróirí in-insteallta nó clibeanna cluaise. Áireofar na míreanna seo a leanas ar a laghad leis na bearta sin:

(a) an t-ainmhí eachaí a sheiceáil le haghaidh aon trasfhreagróir in-insteallta a ionphlandaíodh roimhe sin, ag úsáid gaireas léimh a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i bpointe 2(b) de Chuid 1 d'Iarscríbhinn I ar a laghad nuair a bhíonn an léitheoir i dteagmháil dhíreach le dromchla chorp an ainmhí eachaí ar an láthair ina ndéanfaí trasfhreagróir a ionphlandú i gcomhréir le hAirteagal 13(2);

(b) aon chomhartha cliniciúil a thugann le fios gur ionphlandaíodh trasfhreagróir roimhe sin nó marc a cuireadh ar an ainmhí eachaí roimhe sin atá bainte nó athraithe ar bhonn máinliachta;

(c) aon chomhartha nó aon tásc gur cuireadh modh malartach sainaitheantais atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 16 ar an ainmhí eachaí.

2. I gcás ina dtugann na bearta dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo le fios go bhfuil trasfhreagróir in-insteallta nó clibeanna cluaise ann a ionphlandaíodh roimhe seo, nó aon mhodh malartach sainaitheantais a cuireadh i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 16, a thugann aitheantas a rinneadh roimhe seo le fios i gcomhréir le Roinn 2 de Chaibidil III, déanfaidh an t-údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, na nithe seo a leanas:

(a) eiseoidh sé doiciméad aitheantais dúblach nó doiciméad athsholáthair i gcomhréir le hAirteagal 25 nó 26, ag brath ar an bhfaisnéis atá ar fáil;

(b) cuirfidh sé isteach an cód arna thaispeáint ag an trasfhreagróir nó ag na clibeanna cluaise, nó an fhaisnéis maidir leis an modh malartach fíorúcháin sainaitheantais, ar bhealach iomchuí sna réimsí foirme atá le húsáid leis na mionsonraí aitheantais i gCuid A agus sa léaráid imlíne dá bhforáiltear i gCuid B de Roinn I den doiciméad aitheantais samplach le haghaidh ainmhithe eachaí, a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II.

3. I gcás ina ndeimhnítear gur baineadh trasfhreagróir in-insteallta, clib cluaise nó modh malartach sainaitheantais dá dtagraítear i mír 1(c) gan doiciméid in ainmhí eachaí a rugadh san Aontas, eiseoidh an t-údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, doiciméad aitheantais dúblach i gcomhréir le hAirteagal 25 nó doiciméad aitheantais athsholáthair i gcomhréir le hAirteagal 26.

*Airteagal 13*

**Rialacha agus nósanna imeachta oibríochtúla maidir leis na bealaí agus an modhanna sainaitheantais**

1. Cuirfidh tréidlia nó, i gcás dá bhforáiltear sa reachtaíocht náisiúnta, duine atá údaraithe agus atá oilte agus cáilithe go hiomchuí an modh sainaitheantais i bhfeidhm.

2. Déanfar an trasfhreagróir in-insteallta a ionphlandú go paireintreach, tar éis an áit ina ngabhfaidh an t-instealladh a ullmhú go hiomchuí, ar an taobh clé de mhuineál an ainmhí eachaí, sa lár idir na hadharca agus an dronnóg agus san áit ina bhfuil an ballnasc núcach.

3. I gcás ina ndéantar an tsainaithint le clib cluaise i gcomhréir le hAirteagal 59(1)(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035, beidh sé greamaithe de chluaisín chluas chlé an ainmhí eachaí.

4. Déanfaidh an duine nó faoi chúram an duine dá dtagraítear i mír 1 an cód a thaispeánfar tríd an modh sainaitheantais dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c), (e) nó (f) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 tar éis é a instealladh nó a chur ar an ainmhí eachaí a thaifeadadh sa réimse den fhoirm ainmnithe den fhoirm aitheantais a éilítear chun iarratas a dhéanamh chun an doiciméad aitheantais saolré aonair a eisiúint nó go díreach i gCuid A de Roinn I den doiciméad aitheantais samplach le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II.

*Airteagal 14*

**Baint, modhnú nó athsholáthar na mbealaí sainaitheanta agus na sprioc-amanna le haghaidh oibríochtaí den sórt sin**

1. I gcás inar scoir trasfhreagróir de bheith ag feidhmiú agus go dteastaíonn ceann nua, déanfar an t-ainmhí eachaí a shainaithint le trasfhreagróir nua ina dtaispeánfar cód nua, agus i gcás mar sin déanfar cód nua an trasfhreagróra a thaifeadadh sa bhunachar sonraí ríomhaireachta agus i gcás inarb infheidhme i mbunachar sonraí an chomhlachta tarmligthe agus sa doiciméad aitheantais saolré aonair i gCuid C de Roinn I den doiciméad aitheantais samplach le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II.

2. Déanfar clib cluaise a ghabhfaidh amú nó a bheidh doléite agus cuireadh ar ainmhí i gcomhréir le hAirteagal 13(3) a athsholáthar le clib cluaise ina dtaispeánfar cód nua, agus i gcás mar sin déanfar an cód nua a thaifeadadh sa bhreis air sin sa bhunachar sonraí ríomhaireachta agus i gcás inarb infheidhme i mbunachar sonraí ríomhaireachta an chomhlachta tarmligthe agus sa doiciméad aitheantais saolré aonair i gCuid C de Roinn I den doiciméad aitheantais samplach le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II.

3. Áiritheoidh na hoibreoirí go ndéanfar na modhanna sainaitheantais a athsholáthar a luaithe is féidir tar éis dóibh dul amú nó tar éis dóibh scor de bheith ag feidhmiú i gceart agus in aon chás laistigh de thréimhse arna socrú ag an údarás inniúil nach mó ná 30 lá ón dáta a mbraitear iad a bheith imithe amú nó go bhfuil siad ag mífheidhmiú agus sula bhfágann an t-ainmhí eachaí an bhunaíocht ina mbíonn cónaí air de ghnáth.

4. De mhaolú ar mhír 2, i gcás ina bhfuil ainmhí eachaí aitheanta le níos mó aitheantóirí ná clib cluaise amháin, féadfaidh an t-údarás inniúil cead a thabhairt go ndéanfaí an chlib cluaise atá doléite nó imithe amú, a athsholáthar le clib nua cluaise le cód aitheantais an ainmhí arna thaispeáint ag an modh sainaitheantais atá fágtha.

5. Cuirfidh oibreoirí na n-ainmhithe eachaí cláraithe an cumann póir nó an eagraíocht nó an cumann dá dtagraítear in Airteagal 22(2) agus (3) faoi seach ar an eolas faoi aon athrú ar an gcód arna thaispeáint tríd an modh sainaitheantais.

*Airteagal 15*

**Bearta atá le déanamh i leith modhanna sainaitheantais i gcás marú nó bás ainmhithe eachaí**

1. Déanfaidh an t-údarás inniúil na bearta is gá lena áirithiú go ndéanfar, ar mharú nó ar bhás an ainmhí eachaí, na modhanna sainaitheantais a chosaint ó úsáid chalaoiseach ina dhiaidh sin trína aisghabháil agus trína scriosadh, nó trína dhiúscairt *in situ*.

2. I gcás nach féidir an trasfhreagróir in-insteallta a fháil ar ais ó chorp ainmhí eachaí a maraíodh mar bhia don duine agus go ndearbhaítear nach bhfuil an fheoil nó cuid den fheoil ina bhfuil an trasfhreagróir oiriúnach mar bhia don duine i gcomhréir le pointe (m) d'Airteagal 45 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627, déanfar diúscairt ar na fotháirgí ainmhí a bheidh ann dá bharr sin chun ceanglais mhír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh.

Roinn 2

**Modhanna malartacha sainaitheantais**

*Airteagal 16*

**Modhanna malartacha sainaitheantais a údarú**

1. I gcás ina bhfuil modh malartach sainaitheantais údaraithe ag Ballstát, i gcomhréir le hAirteagal 62 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035, modh atá oiriúnach chun aitheantas ainmhithe eachaí ar coimeád a rugadh ina chríoch a fhíorú, lena n-áirítear marcanna agus marcóirí géiniteacha atá acu de dhúchas nó faighte, áiritheoidh an t-údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, go bhfuil mionsonraí an mhodha mhalartaigh sainaitheanta sin fíoraithe sula ndéantar na mionsonraí sin a thaifeadadh sa doiciméad aitheantais saolré aonair agus sa bhunachar sonraí ríomhaireachta.

2. Féadfaidh Ballstáit éileamh a dhéanamh go n-úsáidfí modhanna malartacha fíorúcháin sainaitheantais bunaithe ar mharcóirí géiniteacha mar chomhlánú na gceanglas aitheantais atá leagtha síos in Airteagal 109(1)(d)(ii) de Rialachán (AE) 2016/429 le haghaidh ainmhithe eachaí a rugadh sa Bhallstát sin nó a mbíonn cónaí orthu ann de ghnáth.

3. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis maidir lena modhanna malartacha sainaitheantais údaraithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ar fáil don Choimisiún, do na Ballstáit eile agus don phobal ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 4(1).

4. I gcás ina n-úsáidtear modh malartach sainaitheantais, dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, chun ainmhithe eachaí a shainaithint, déanfar na mionsonraí faisnéise a thaifeadadh san fhormáid chuimsitheach den doiciméad aitheantais saolré aonair.

5. I gcás ainmhithe eachaí a bhfuil dathanna sainiúla orthu, amhail an séabra, i mbunaíochtaí srianta, féadfaidh an t-údarás inniúil a údarú go ndéanfaí léaráid imlíne comhlánaithe a athsholáthar le grianghraf d'ardchaighdeán.

6. I gcás ina n-úsáidtear modh malartach sainaitheantais, dá dtagraítear i mír 1, soláthróidh an t-oibreoir an bealach chun an fhaisnéis aitheantais sin a rochtain nó seasfaidh sé, más infheidhme, na costais nó iarmhairt na moille a bhainfidh le haitheantas an ainmhí eachaí a fhíorú.

*CAIBIDIL III*

***Sonraíochtaí teicniúla, formáidí agus rialacha oibríochtúla le haghaidh an doiciméid aitheantais saolré aonair***

Roinn 1

**Sonraíochtaí teicniúla agus formáidí an doiciméid aitheantais saolré aonair**

*Airteagal 17*

**Íoscheanglais a mhéid a bhaineann le formáid, dearadh agus inneachar doiciméid aitheantais saolré aonair**

1. Beidh an doiciméad aitheantais saolré aonair i gceann de na formáidí seo a leanas:

(a) formáid chaighdeánach (gnáthdhoiciméad aitheantais) ar leor é ionas go gcuirfí san áireamh ann an t-íosfhaisnéis chun na hainmhithe eachaí a éilítear i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2019/6 a shainaithint agus ina gcuimsítear Ranna I, II agus III den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo agus a chomhlíonann na ceanglais bhreise a leagtar amach i gCuid 2 den Iarscríbhinn sin;

(b) formáid chuimsitheach (doiciméad aitheantais cuimsitheach) ar leor é ionas go gcuirfí san áireamh ann an t-íosfhaisnéis chun na hainmhithe eachaí a éilítear i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/429, (AE) 2019/6 agus (AE) 2016/1012 a shainaithint, agus i gcomhréir le hAirteagal 65(2)(d) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 freisin, agus ina gcuimsítear Ranna I go X den mhúnla den doiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo agus a chomhlíonann na ceanglais bhreise a leagtar amach i gCuid 2 den Iarscríbhinn sin.

2. Ní dhéanfar an doiciméad aitheantais saolré aonair a eisiúint ach amháin tar éis an fhaisnéis is gá a iontráil ar a laghad i gcomhréir le pointí 1, 2 agus 4 go 7 de Chuid A agus pointí 12 go 18 de Chuid B agus, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 16, Roinn X den mhúnla den doiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II.

3. Féadfar scáthchruth an ainmhí eachaí sa léaráid imlíne dá bhforáiltear i gCuid B de Roinn I den mhúnla den doiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a chur in oiriúint, má eisítear an doiciméad le haghaidh ainmhí eachaí seachas capall.

4. Féadfaidh an t-údarás inniúil údarú i gcás gnáthdhoiciméad aitheantais, nach líonfar isteach an fhaisnéis seo a leanas ach amháin nuair a rinneadh an t-ainmhí eachaí a eisiamh ó mharú mar bhia don duine i gcomhréir le hAirteagal 39(2):

(a) pointí (3)(a) go (h) de Chuid A de Roinn I den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí mar a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II;

(b) pointí 12 go 18 de Chuid B de Roinn I den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí mar a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II.

5. Ní bheidh an imlíne d'fhairchíní i Roinn X den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II de dhíth ach amháin i ndoiciméid aitheantais saolré aonair arna n-eisiúint le haghaidh ainmhithe eachaí nár sainaithníodh le trasfhreagróir in-insteallta nó le clib cluaise agus nach bhfuil marcanna orthu nó le trí dheisealán nó níos lú.

6. Tabharfar áit anatamaíoch ionphlandú trasfhreagróra in-insteallta le fios sa léaráid imlíne dá bhforáiltear i gCuid B de Roinn I den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II.

*Airteagal 18*

**Íoscheanglais a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla na ndoiciméad aitheantais saolré aonair**

1. Comhlíonfaidh an doiciméad aitheantais saolré aonair na ceanglais bhreise mar a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn II.

2. I gcás na gcásanna ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 21(4) go n-eisítear an doiciméad aitheantais saolré aonair san fhormáid chuimsitheach ina gcuimsítear dhá chuid ina bhfuil an fhormáid chaighdeánach dá dtagraítear in Airteagal 17(1) agus Roinn IV go X á gcur isteach mar iomlán doroinnte i bpóca an chumhdaigh, mar a leagtar amach i bpointe (b) de Chuid 2 d'Iarscríbhinn II, bunófar leis an gcód uathúil a chuirfear isteach i Roinn IV an nasc idir an fhormáid chaighdeánach ar thaobh amháin agus Roinn IV go X ar an taobh eile.

*Airteagal 19*

**Cód an trasfhreagróra a thaifeadadh sa doiciméad aitheantais**

1. Nuair a dhéantar trasfhreagróir in-insteallta a ionphlandú in ainmhí eachaí i gcomhréir le hAirteagal 11, cuirfidh an t-údarás inniúil nó an comhlacht tarmligthe an fhaisnéis seo a leanas isteach sa doiciméad aitheantais saolré aonair:

(a) na 15 dhigit dheiridh ar a laghad den chód arna tharchur ag an trasfhreagróir agus arna thaispeáint ag an léitheoir tar éis an ionphlandaithe, agus go roghnach

 (i) greamán féinghreamaitheach ar a bhfuil barrachód, ar choinníoll go ndéantar leathanach an doiciméid aitheantais a shéalú ina dhiaidh sin; ná

 (ii) prionta den bharrachód dá dtagraítear i bpointe (i) lena ndéantar na 15 dhigit dheiridh sin ar a laghad den chód arna tharchur ag an trasfhreagróir a ionchódú;

(b) síniú an duine a líon isteach an tuairisc i gCuid A agus an léaráid imlíne i gCuid B de Roinn I den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II agus an cód arna thaispeáint ag an trasfhreagróir tar éis ionphlandaithe a léamh, nó an duine a bheidh ag atáirgeadh na faisnéise sin chun an doiciméad aitheantais a eisiúint i gcomhréir le rialacha an údaráis inniúil, nó, de réir mar is infheidhme, an comhlacht tarmligthe, nó na cumainn phóir nó an eagraíocht nó an cumann dá dtagraítear faoi seach i míreanna (2) agus (3) d'Airteagal 22.

2. I gcás inar sainaithníodh ainmhí eachaí roimhe sin le trasfhreagróir in-insteallta nach gcomhlíonann na caighdeáin ISO reatha, cuirfear an córas léite isteach i bpointe 5 de Chuid A de Roinn I den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II.

*Airteagal 20*

**Úsáid a bhaint as cártaí plaisteacha, cártaí cliste nó feidhmchláir dhigiteacha ar ghairis leictreonacha iniompartha in éineacht leis na doiciméid aitheantais saolré aonair**

1. I gcás ina n-eisítear an doiciméad aitheantais saolré aonair in éineacht le cárta plaisteach nó cárta cliste, comhlíonfaidh na cártaí sin na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

2. Féadfaidh na Ballstáit úsáid na bhfeidhmchlár digiteach a údarú ar ghairis leictreonacha iniompartha ina dtaispeánfar ar a laghad na mionsonraí aitheantais atá stóráilte sa bhunachar sonraí ríomhaireachta chun an t-ainmhí eachaí a shainaithint le linn gluaiseachtaí:

(a) ar a gcríoch náisiúnta;

(b) chuig Ballstáit faoin maolú dá bhforáiltear in Airteagal 69 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688;

(c) chuig tríú tíortha a bhfuil aitheantas den sórt sin údaraithe acu.

3. Ní údaróidh Ballstáit áfach an úsáid a bhainfear as cártaí plaisteacha, cártaí cliste nó feidhmchláir dhigiteacha ar ghairis leictreonacha iniompartha mar an t-aon doiciméad aitheantais i gcás go mbeidh an ghluaiseacht chuig seamlas.

Roinn 2

**Rialacha oibríochtúla don doiciméad aitheantais saolré aonair**

*Airteagal 21*

**Tréimhsí ama i gcomhair aitheantais**

1. Áiritheoidh oibreoir ainmhí eachaí go ndéanfar ainmhí eachaí faoina chúram nó faoina cúram a shainaithint laistigh de thréimhse ama a bheidh le cinneadh ag an mBallstát agus nach faide ná 12 mhí tar éis dáta breithe an ainmhí agus in aon chás, sula bhfágann an t-ainmhí an bhunaíocht inar rugadh é ar feadh tréimhse níos faide ná 30 lá, ach amháin sna cásanna a leanas:

(a) tá feidhm ag na maoluithe dá dtagraítear in Airteagal 66(2)(c) nó (e) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035; nó

(b) tarlaíonn an ghluaiseacht sin i gcomhréir le hAirteagal 43(2); ná

(c) is le daonra d'ainmhithe eachaí a mhaireann faoi choinníollacha leathfhiáine é an t-ainmhí eachaí agus tá feidhm ag coinníollacha Airteagal 60 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ina leith.

2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh cumainn phóir a bhfuil pórleabhair bunaithe acu le haghaidh ainmhithe pórúcháin folaíochta den speiceas eachaí, i gcomhréir leis na ceanglais aitheantais a leagtar síos i bpointe 1 de Chuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1012, go ndéanfaí na hainmhithe a shainaithint agus é a dhéanamh mar "searrach ag diúl" na máthar ar a bhfuil sé ag brath.

3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfar doiciméad aitheantais saolré aonair nua a eisiúint tráth ar bith:

(a) ar iarraidh ón údarás inniúil nó arna dhéanamh ag an údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, i gcás nach gcomhlíonann an doiciméad aitheantais saolré aonair atá ann cheana ceanglais Airteagal 17 nó i gcás nach bhfuil mionsonraí aitheantais áirithe a leagtar amach i Roinn I, II nó III den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II curtha isteach i gceart ag an údarás inniúil eisiúna, nó de réir mar is infheidhme ag an gcomhlacht tarmligthe; ná

(b) i gcás nach féidir an doiciméad aitheantais saolré aonair arna eisiúint roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a oiriúnú chun na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 17 a chomhlíonadh.

4. Déanfar doiciméad aitheantais saolré aonair nua a eisiúint san fhormáid chuimsitheach nó líonfar isteach an gnáthdhoiciméad aitheantais atá ann cheana agus déanfar doiciméad aitheantais cuimsitheach de trí Ranna IV go X den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a dhéanamh de mar a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo i gcás ainmhí eachaí a dhéanfar:

(a) a uasghrádú chuig ainmhí eachaí ardsláinte i gcomhréir le hAirteagal 92(2)(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688; ná

(b) a iontráil mar ainmhí pórúcháin folaíochta den speiceas eachaí sa phríomhchuid de phórleabhar nó a thaifeadfar mar ainmhí eachaí i roinn fhorlíontach de phórleabhar arna bhunú ag cumann póir a chuireann clár pórúcháin atá formheasta i gcomhréir le hAirteagal 8 nó 12 de Rialachán (AE) 2016/1012 i gcrích; ná

(c) a chlárú mar chapall cláraithe dá dtagraítear in Airteagal 2(5)(b) i gcomhréir le rialacha an chumainn nó na heagraíochta faoi seach a bhainistíonn capaill i gcomhair iomaíochta nó rásaí.

5. Sula ndéanfar doiciméad aitheantais saolré aonair nua a eisiúint i gcomhréir le míreanna 3 agus 4 agus sula ndéanfar é a sheachadadh chuig oibreoir an ainmhí eachaí, urghabhfaidh an t-údarás inniúil nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, an doiciméad aitheantais saolré aonair atá ann cheana, agus beidh sé le neamhbhailiú agus déanfar neamhbhailiú an doiciméid aitheantais atá ann cheana agus eisiúint an doiciméid aitheantais saolré aonair nua a thaifeadadh sa bhunachar sonraí ríomhaireachta le tagairt don chód uathúil a sannadh ar dtús báire don ainmhí eachaí.

*Airteagal 22*

**Iarratais ar dhoiciméid aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a rugadh san Aontas agus doiciméid den sórt sin a eisiúint agus a sheachadadh**

1. Déanfaidh an t-údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, sa Bhallstát ina bhfuil an bhunaíocht ina rugadh an t-ainmhí eachaí, ar iarratas ón oibreoir, doiciméid aitheantais saolré aonair a eisiúint agus a sheachadadh le haghaidh ainmhithe eachaí seachas ainmhithe eachaí dá dtagraítear i mír 2 agus 3.

Ar iarraidh ón oibreoir, féadfaidh an t-údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, an doiciméad aitheantais saolré aonair dá dtagraítear sa chéad fhomhír a eisiúint san fhormáid chaighdeánach.

2. Cumainn phóir a dhéanann cláir pórúcháin atá formheasta i gcomhréir le hAirteagal 8 nó 12 de Rialachán (AE) 2016/1012 sa Bhallstát ina bhfuil an bhunaíocht ina rugadh an t-ainmhí eachaí, ar iarratas ón oibreoir, eiseoidh siad doiciméid aitheantais chuimsitheacha le haghaidh ainmhithe eachaí cláraithe dá dtagraítear in Airteagal 2(5)(a) agus le haghaidh ainmhithe eachaí a bheidh le taifeadadh i roinn fhorlíontach de phórleabhar don phór lena mbaineann,

3. Cónaidhmeanna náisiúnta, brainsí nó údaráis d'eagraíochtaí idirnáisiúnta nó de chumainn idirnáisiúnta a bhainistíonn capaill i gcomhair iomaíochta nó rásaíochta sa Bhallstát ina bhfuil an bhunaíocht ina rugadh an t-ainmhí eachaí, eiseoidh siad ar iarratas ón oibreoir, doiciméid aitheantais chuimsitheacha le haghaidh ainmhithe eachaí cláraithe dá dtagraítear in Airteagal 2(5)(b).

4. Cé is moite de chás ina ndéanfar an dá chúram, eisiúint agus seachadadh doiciméad aitheantais saolré aonair cuimsitheach a tharmligean chuig cumainn phóir, eagraíochtaí agus cumainn dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 faoi seach, déanfaidh an t-údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, an doiciméad aitheantais saolré aonair arna eisiúint i gcomhréir le mír 2 nó 3 a sheachadadh don oibreoir is iarratasóir dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 faoi seach.

5. Maidir le seachadadh an doiciméid aitheantais saolré aonair i gcomhréir le mír 4, bunóidh an t-údarás inniúil, nó de réir mar is iomchuí an comhlacht tarmligthe, na nósanna imeachta maidir leis na nithe a leanas:

(a) an t-aistriú slán ó na cumainn phóir, na heagraíochtaí agus na cumainn dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 faoi seach

 (i) den doiciméad aitheantais saolré aonair arna eisiúint i gcomhréir le mír 2 nó 3;

 (ii) an fhaisnéis is gá a iontráil sa bhunachar sonraí ríomhaireachta i gcomhréir le hAirteagal 6;

(b) an doiciméad aitheantais saolré aonair a sheachadadh don oibreoir is iarratasóir dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 faoi seach.

*Airteagal 23*

**Rialacha oibríochtúla don doiciméad aitheantais saolré aonair**

1. Áiritheoidh na húdaráis inniúla, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, agus na cumainn phóir, na heagraíochtaí agus na cumainn dá dtagraítear in Airteagal 22(2) agus (3) faoi seach go mbeidh ord agus uimhriú Ranna na ndoiciméad aitheantais mar a leagtar amach sa mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II fós gan athrú agus go mbeidh i gcás na Ranna sin ina soláthraítear an spás le haghaidh go leor iontrálacha, go mbeidh líon leordhóthanach leathanach áirithe sa doiciméad aitheantais.

2. Tá an t-údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, nó na cumainn phóir agus na heagraíochtaí agus na cumainn dá dtagraítear in Airteagal 22(2) agus (3) faoi seach freagrach as bainistíocht shlán na ndoiciméad aitheantais fholmha agus chomhlánaithe ar a n-áitreabh.

3. I gcás ina bhfuil modh malartach sainaitheantais údaraithe, déanfaidh an t-údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, nó na cumainn phóir agus na heagraíochtaí agus na cumainn dá dtagraítear in Airteagal 22(2) agus (3) faoi seach an fhaisnéis i bpointe 6 nó 7 de Chuid A de Roinn I a iontráil agus, i gcás inarb infheidhme, i Roinn X den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II agus déanfaidh sé an fhaisnéis sin a thaifeadadh sa bhunachar sonraí ríomhaireachta.

*Airteagal 24*

**Maolú maidir le gluaiseacht nó iompar ainmhithe eachaí lena ngabhann doiciméad aitheantais sealadach**

1. Ar iarratas ó oibreoir an ainmhí eachaí, eiseoidh an t-údarás inniúil, nó i gcás inarb infheidhme an comhlacht tarmligthe, doiciméad sealadach, marcáilte mar sin, i gcomhréir leis an múnla den doiciméad aitheantais sealadach a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, lena gceadaítear do na hainmhithe eachaí iad a bhogadh nó a iompar laistigh den Bhallstát céanna ar feadh tréimhse nach faide ná 45 lá, fad agus a dhéanfar an doiciméad aitheantais a thabhairt suas don údarás inniúil, nó i gcás inarb infheidhme don chomhlacht tarmligthe, chun mionsonraí aitheantais a thabhairt cothrom le dáta ann.

2. Déanfar an doiciméad aitheantais sealadach dá bhforáiltear i mír 1 a fhorlíonadh le foirm i gcomhréir le Roinn II den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II chun an fhaisnéis a iontráil i gcomhréir le hAirteagal 40.

3. I gcomhréir le hAirteagal 66(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035, ní iompróidh oibreoirí ainmhithe eachaí a mbeidh doiciméad sealadach ag gabháil leo mar a fhoráiltear i mír 1 chuig seamlas chun iad a mharú mar bhia don duine.

4. D'fhéadfadh sé nach n-éileofaí doiciméad sealadach le haghaidh ainmhí eachaí dá bhfuil mionsonraí aitheantais ar fáil i bhfeidhmchláir dhigiteacha ar ghairis leictreonacha iniompartha agus ar ainmhí eachaí é a choimeádtar i mBallstát a rinne úsáid feidhmchlár digiteach a údarú agus a chur chun feidhme ar ghairis leictreonacha iniompartha i gcomhréir le hAirteagal 20(2).

*Airteagal 25*

**Doiciméid aitheantais dúblacha a eisiúint**

1. Eiseofar doiciméad aitheantais dúblach sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina dtéann an doiciméad aitheantais bunaidh amú agus i gcás inar féidir aitheantas an ainmhí eachaí a dhéanamh amach, go háirithe tríd an gcód arna tharchur ag an trasfhreagróir nó ag an modh malartach fíorúcháin sainaitheantais i gcomhréir le hAirteagal 16; ná

(b) i gcás nár sainaithníodh an t-ainmhí eachaí laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagal 21, Airteagal 37 nó Airteagal 43(2).

2. Sna cásanna a dtugtar tuairisc orthu i mír 1, déanfaidh an t-údarás inniúil atá freagrach as an limistéar riaracháin ina mbíonn an t-ainmhí eachaí ar coimeád de ghnáth, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, na nithe seo a leanas ar iarratas ón oibreoir:

(a) i gcás inar gá, a ordú go gcuirfear modh fisiciúil sainaitheantais i bhfeidhm maidir leis an ainmhí eachaí nó go sainaithneofaí an t-ainmhí trí mhodh malartach sainaitheantais údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 16;

(b) a iarraidh ar an údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme ar an gcomhlacht tarmligthe, nó an cumann póir, an eagraíocht agus an cumann dá dtagraítear in Airteagal 22(2) agus (3) a d'eisigh an doiciméad aitheantais saolré aonair bunaidh a chuaigh amú, na nithe seo a leanas a dhéanamh:

   (i) doiciméad aitheantais dúblach a eisiúint i bhformáid chaighdeánach nó i bhformáid chuimsitheach, ag brath ar iarraidh an oibreora;

   (ii) an doiciméad dúblach a aistriú chuig an údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme chuig an gcomhlacht tarmligthe, dá dtagraítear san abairt thosaigh den mhír seo le seachadadh chuig an oibreoir;

(c) an doiciméad aitheantais dúblach atá marcáilte go soiléir mar sin a thaifeadadh sa bhunachar sonraí ríomhaireachta agus le tagairt don chód uathúil atá taifeadta i mbunachar sonraí ríomhaireachta an údaráis inniúil, nó mar is infheidhme an chomhlachta tarmligthe, nó an chumainn phóir, na heagraíochta agus an chumainn dá dtagraítear in Airteagal 22(2) agus (3):

   (i) a d'eisigh an doiciméad aitheantais saolré aonair bunaidh a chuaigh amú; ná

   (ii) a d'eisigh an doiciméad aitheantais dúblach le haghaidh ainmhí eachaí dá dtagraítear i mír 1(b);

(d) i gcás nár eisiadh é cheana féin ó mharú mar bhia don duine, stádas an ainmhí eachaí a oiriúnú i gcomhréir le ceachtar de mhír 1(b)(ii) nó mhír 2(b) d'Airteagal 38 sa doiciméad aitheantais dúblach.

3. Déanfar mionsonraí an doiciméid aitheantais dhúblaigh arna eisiúint i gcomhréir le mír 2 a iontráil trí thagairt a dhéanamh don chód uathúil sa bhunachar sonraí ríomhaireachta.

4. I gcás inar eisigh comhlacht eisiúna nach ann dó níos mó agus nach bhfuil comharba air an doiciméad aitheantais saolré aonair bunaidh a chuaigh amú roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh an t-údarás inniúil nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe sa Bhallstát ina mbíonn cónaí ar an ainmhí eachaí an doiciméad aitheantais saolré aonair dúblach a eisiúint i gcomhréir le mír 2.

*Airteagal 26*

**Doiciméid aitheantais athsholáthair a eisiúint**

1. Eiseofar doiciméad aitheantais saolré aonair athsholáthair d'ainmhí eachaí i gcás:

(a) go ndeachaigh an doiciméad aitheantais saolré aonair bunaidh amú, agus:

   (i) nach féidir aitheantas an ainmhí eachaí a dheimhniú;

   (ii) nach dtugtar le fios nó nach bhfuil aon fhianaise ann gur eisíodh doiciméad aitheantais saolré aonair roimhe sin don ainmhí eachaí; ná

(b) gur baineadh an sainaitheantóir fisiciúil nó an doiciméad aitheantais saolré aonair, gur modhnaíodh nó gur athsholáthraíodh é gan cead ó údarás inniúil na bunaíochta ina mbíonn an t-ainmhí eachaí ar coimeád.

2. Sna cásanna a dtugtar tuairisc orthu i mír 1, déanfaidh an t-údarás inniúil atá freagrach as an limistéar riaracháin ina mbíonn an t-ainmhí eachaí ar coimeád de ghnáth, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, na nithe seo a leanas ar iarratas ón oibreoir nó ar iarraidh ón údarás inniúil:

(a) iarratas a ordú don ainmhí eachaí ar mhodh fisiciúil sainaitheantais;

(b) cód uathúil nua a shannadh don ainmhí ar cód é a chomhfhreagraíonn don bhunachar sonraí ina dtaifeadtar eisiúint an doiciméid aitheantais athsholáthair sin;

(c) doiciméad aitheantais athsholáthair a eisiúint agus a sheachadadh atá marcáilte go soiléir mar sin i bhformáid chaighdeánach nó i bhformáid chuimsitheach, ag brath ar iarraidh an oibreora;

(d) an t-ainmhí eachaí a dhearbhú mar ainmhí nach bhfuil sé beartaithe é a mharú mar bhia don duine trí bhíthin iontráil iomchuí i gCuid II de Roinn II den mhúnla den doiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II agus sa bhunachar sonraí ríomhaireachta.

3. Déanfar mionsonraí an doiciméid aitheantais athsholáthair arna eisiúint i gcomhréir le mír 2 a iontráil trí thagairt a dhéanamh don chód uathúil sa bhunachar sonraí ríomhaireachta.

*Airteagal 27*

**Bearta a bheidh le glacadh i leith an doiciméid aitheantais saolré aonair i gcás marú, bás nó cailliúint ainmhithe eachaí**

1. I gcás ina maraítear ainmhí eachaí, glacfar leis na bearta seo a leanas faoi chúram an údaráis inniúil i dtaca leis an doiciméad aitheantais saolré aonair:

(a) déanfar é a aisghabháil agus a chosaint óna úsáid chun críoch calaoiseach;

(b) déanfar é a neamhbhailiú go héifeachtach;

(c) déanfar an doiciméad:

(i) a scriosadh ag an seamlas inar maraíodh an t-ainmhí eachaí agus cuirfear fianú in iúl don chomhlacht eisiúna a d'eisigh an doiciméad aitheantais saolré aonair roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, nó cuirfear in iúl don údarás inniúil é, nó de réir mar is infheidhme don chomhlacht tarmligthe, a thugtar le fios de réir mar is infheidhme i gCuid A de Roinn I den doiciméad aitheantais saolré aonair, go díreach nó tríd an bpointe teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 28(2), agus cuirfear in iúl an dáta ar maraíodh an t-ainmhí eachaí le tagairt dá chód uathúil; ná

(ii) a chur ar ais, tar éis é a neamhbhailiú dá bhforáiltear i bpointe (b), chuig an gcomhlacht eisiúna, i gcás doiciméad aitheantais saolré aonair arna eisiúint roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, nó chuig an údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, arna thabhairt le fios i gCuid A de Roinn I den mhúnla den doiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II, go díreach nó tríd an bpointe teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 28(2), mar aon leis an bhfaisnéis a bhaineann leis an dáta ar maraíodh an t-ainmhí eachaí chun críoch rialaithe galar.

2. I ngach cás ina dtarlaíonn bás nó cailliúint, lena n-áirítear gadaíocht, ainmhí eachaí nach dtagraítear dó i mír 1 den Airteagal seo, cuirfidh oibreoir an ainmhí eachaí an doiciméad aitheantais saolré aonair ar ais laistigh d'uastréimhse 30 lá ó dháta báis nó caillteanais an ainmhí eachaí chuig an údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, arna thabhairt le fios i gCuid A nó arna thabhairt cothrom le dáta i gCuid C de Roinn I den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II.

*Airteagal 28*

**Na hoibleagáidí atá ar Bhallstáit agus ar údaráis inniúla tarchur faisnéise a áirithiú tar éis marú, bás nó cailliúint ainmhithe eachaí**

1. Cuirfidh na Ballstáit nósanna imeachta chun feidhme chun na doiciméid aitheantais saolré aonair neamhbhailíochtaithe a sheoladh ar ais chuig an údarás inniúil nó chuig an gcomhlacht tarmligthe dá bhforáiltear i bpointe (c)(ii) d'Airteagal 27(1).

2. Féadfaidh na Ballstáit pointe teagmhála a bhunú chun an fianú dá dtagraítear i bpointe (c)(i) d'Airteagal 27(1) nó na doiciméid aitheantais dá dtagraítear i bpointe (c)(ii) d'Airteagal 27(1) a fháil lena dháileadh ina dhiaidh sin ar an gcomhlacht eisiúna faoi seach, i gcás doiciméad aitheantais saolré aonair arna eisiúint roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, nó chuig an údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, ar a gcríoch.

D'fhéadfadh comhlacht idirchaidrimh dá dtagraítear in Airteagal 103(1) de Rialachán (AE) 2017/625 a bheith i gceist leis an bpointe teagmhála sin.

3. I gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo, cuirfear mionsonraí an phointe teagmhála ar fáil do na Ballstáit eile agus don phobal ar an suíomh gréasáin arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 4(1).

4. Déanfaidh an comhlacht eisiúna, i gcás doiciméad aitheantais saolré aonair arna eisiúint roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, nó an t-údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, a fuair faisnéis ar bhás nó ar chailliúint ainmhí eachaí i gcomhréir le hAirteagal 27 a iontráil nó a líonadh isteach, nó i gcás comhlacht eisiúna, iarrfaidh sé ar an údarás inniúil na taifid maidir leis na mionsonraí aitheantais atá i ndoiciméad aitheantais an ainmhí eachaí a seoladh ar ais a iontráil nó a líonadh isteach sa bhunachar sonraí ríomhaireachta.

5. I gcás ina gceadaítear le rialacha nós imeachta údaráis inniúil, nó de réir mar is infheidhme an chomhlachta tarmligthe, áiritheoidh an t-údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, go ndéanfar doiciméid aitheantais saolré aonair a neamhbhailiú go héifeachtach, sula ndéanfar iad a sheoladh ar ais chuig an úinéir i gcuimhne an ainmhí eachaí, chun aon úsáid chalaoiseach den doiciméad aitheantais saolré aonair nó an fhaisnéis atá istigh ann a chosc.

## Roinn 3

## **Sprioc-amanna, oibleagáidí agus nósanna imeachta maidir le tarchur faisnéise ó oibreoirí nó daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile agus le haghaidh ainmhithe eachaí ar coimeád a chlárú sna bunachair sonraí ríomhaireachta**

### *Airteagal 29*

### **Na hoibleagáidí atá ar oibreoirí a mhéid a bhaineann le bainistíocht na ndoiciméad aitheantais chun aitheantais saolré an ainmhí eachaí a áirithiú**

1. Áiritheoidh oibreoirí na n-ainmhithe eachaí go ndéanfar na mionsonraí aitheantais seo a leanas ar a laghad sa doiciméad aitheantais saolré aonair a choimeád cothrom le dáta agus ceart ag gach tráth:

(a) stádas an ainmhí eachaí a mhéid a bhaineann lena incháilitheacht le marú mar bhia don duine;

(b) cód inléite an trasfhreagróra nó cód na clibe cluaise nó na marcanna ar leith a úsáideadh mar mhodh malartach;

(c) i gcás inarb infheidhme, an marc bailíochtaithe nó an ceadúnas arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 92(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688;

(d) an fhaisnéis maidir le húinéireacht an ainmhí eachaí, i gcás inar gá i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta.

2. I gcás inar gá na mionsonraí aitheantais i Roinn I go III den mhúnla den doiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a thabhairt cothrom le dáta, taiscfidh oibreoir an ainmhí eachaí an doiciméad aitheantais leis an údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, sa Bhallstát ina bhfuil cónaí ar an ainmhí eachaí:

(a) láithreach tar éis an teagmhais a rinne difear do na sonraí aitheantais, sa chás dá dtagraítear i mír 1(a);

(b) laistigh de 7 lá ón teagmhas a rinne difear do mhionsonraí aitheantais an ainmhí eachaí, sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (b) nó (c) nó, más é an t-oibreoir an t-úinéir, i bpointe (d) de mhír 1.

3. Áiritheoidh an t-oibreoir go gcoinneofar an fhaisnéis i Ranna IV go IX cothrom le dáta agus ceart i gcomhréir leis na rialacha arna mbunú ag an gcumann póir, ag an eagraíocht nó ag an gcumann a d'eisigh an doiciméad i gcomhréir le hAirteagal 22(2) nó (3).

4. D'ainneoin Airteagal 66(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035, i gcás athrú úinéireachta, tabharfar an doiciméad aitheantais saolré aonair ar lámh don úinéir nua.

*Airteagal 30*

**Na hoibleagáidí a mhéid a bhaineann le bainistíocht na ndoiciméad aitheantais chun aitheantais saolré an ainmhí eachaí a áirithiú**

1. Déanfaidh an t-údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, na nithe a leanas:

(a) déanfaidh sé na mionsonraí aitheantais sa doiciméad aitheantais a thabhairt cothrom le dáta mar is gá, ag úsáid maidir leis na nuashonruithe a bhaineann le Cuid A nó B de Roinn I na réimsí foirmeacha dá bhforáiltear i gCuid C de Roinn I den mhúnla den doiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II;

(b) líonfaidh sé isteach na hiontrálacha i Roinn IV den mhúnla den doiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II, i gcás ina n-éilítear an t-athrú úinéireachta de réir na reachtaíochta náisiúnta;

(c) iontrálfaidh sé nó líonfaidh sé isteach sa bhunachar sonraí ríomhaireachta taifid na mionsonraí aitheantais atá sa doiciméad aitheantais taiscthe dá dtagraítear in Airteagal 29(2);

(d) cuirfidh sé an t-údarás inniúil, an comhlacht tarmligthe, an cumann póir, an eagraíocht nó an cumann a d'eisigh an doiciméad leasaithe ar an eolas faoi aon cheann de na leasuithe thuasluaite ar shonraí aitheantais sa doiciméad aitheantais saolré aonair agus sa bhunachar sonraí ríomhaireachta.

2. Na cumainn phóir, na heagraíochtaí agus na cumainn a d'eisigh doiciméid aitheantais saolré aonair i gcomhréir le hAirteagal 22(2) nó (3), cuirfidh siad an t-údarás inniúil nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe a sheachaid an doiciméad don oibreoir i gcomhréir le hAirteagal 22(4), cuirfidh siad ar an eolas é maidir le haon leasú a rinneadh ar Ranna I go III den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II d'aon doiciméad aitheantais saolré aonair a d'eisigh siad.

*CAIBIDIL IV*

***Cur i bhfeidhm praiticiúil na maoluithe ó cheanglais aitheantais agus clárúcháin a bhaineann le hainmhithe eachaí ar coimeád***

*Airteagal 31*

**Ainmhithe eachaí a bhíonn ar coimeád faoi choinníollacha leathfhiáine**

1. Anuas ar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 60 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 maidir leis na maoluithe chun ainmhithe eachaí ar coimeád a mhaireann faoi choinníollacha leathfhiáine a shainaithint, déanfar an fhaisnéis a sholáthróidh na Ballstáit maidir leis na daonraí d'ainmhithe eachaí agus na limistéir ina gcoimeádtar na hainmhithe sin faoi choinníollacha leathfhiáine a choimeád cothrom le dáta agus beidh mionsonraí geografacha de limistéar na bunaíochta ina bhfuil na hainmhithe eachaí sin á gcoimeád ag gabháil leo.

2. I gcás ina ndéantar ainmhithe eachaí a bhí ar coimeád faoi choinníollacha leathfhiáine a bhaint ón daonra eachaí chun iad a iompar chuig seamlas, de mhaolú ar Airteagal 43(1), féadfaidh an t-údarás inniúil an ghluaiseacht chuig seamlas sa Bhallstát sin a údarú i gcomhréir leis an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 43(2) nó áiritheoidh sé inrianaitheacht gan bhriseadh na n-ainmhithe sin trí bhíthin bearta coibhéiseacha.

*CAIBIDIL V*

***Rialacha maidir leis na gluaiseachtaí a rinneadh i gcomhréir leis an maolú a bhaineann le fad bailíochta an deimhnithe sláinte ainmhithe dá bhforáiltear in Airteagal 92(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.***

*Airteagal 32*

**An fhreagracht atá ar an údarás inniúil marc bailíochta dá dtagraítear in Airteagal 92(2)(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 a sholáthar**

1. Leagfaidh an t-údarás inniúil síos na rialacha agus na nósanna imeachta chun go mbeidh oibreoirí bunaíochtaí a choimeádann ainmhithe eachaí in ann marc bailíochta a fháil le haghaidh ainmhí eachaí amháin nó níos mó a choimeádtar de ghnáth ar an mbunaíocht sin, mar a éilítear don mhaolú ó fhad bailíochta an deimhnithe sláinte ainmhithe dá bhforáiltear in Airteagal 92(2)(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.

2. Déanfaidh an t-údarás inniúil iniúchadh ar an mbunaíocht, nó déanfar iniúchadh ar an mbunaíocht ar a shon, agus eiseoidh sé an marc bailíochta dá dtagraítear i mír 1 le haghaidh na n-ainmhithe eachaí a bhíonn ina gcónaí de ghnáth ar an mbunaíocht sin ach na coinníollacha a leanas a chomhlíonadh:

(a) feidhmeofar an bhunaíocht i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le hainmhithe eachaí a shainaithint, a chlárú agus a rianú, agus cuirtear bearta bithshlándála i bhfeidhm chun an riosca go dtabharfar isteach galair ainmhithe eachaí a liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 a laghdú;

(b) tabharfar cuairteanna sláinte ainmhithe go minic ar an mbunaíocht agus déanfar iad a dhoiciméadú go cuí, cuairteanna dá dtagraítear in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/429;

(c) na hainmhithe eachaí a bhíonn ar coimeád de ghnáth agus go sealadach ar an mbunaíocht, beidh siad faoi réir seiceálacha aitheantais breise go minic a bheidh doiciméadaithe go cuí, agus beidh siad faoi réir tástáil sláinte agus vacsaíniú in aghaidh galair liostaithe agus neamhliostaithe a dhéanfar i gcomhthéacs cuairteanna sláinte ainmhithe dá dtagraítear i bpointe (b), nó mar gheall go bhfuil na seiceálacha, tástálacha agus vacsaínithe riachtanach chun úsáid a bhaint astu i gcomhair pórúcháin nó i gcomhair spóirt eachaí agus rásaíochta;

(d) ní dhéanfar an pórúchán nádúrtha ar an mbunaíocht ach amháin nuair atá an t-ainmhí scartha amach go leordhóthanach ó ainmhithe eachaí eile a choimeádtar de ghnáth nó go sealadach ar an mbunaíocht sin.

3. Déanfar an marc bailíochtaithe dá dtagraítear i mír 1 a iontráil sa doiciméad aitheantais i gcomhréir leis an treoir dá bhforáiltear i Roinn III den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II.

4. Déanfar eisiúint marc bailíochtaithe dá dtagraítear i mír 1 a thaifeadadh sa bhunachar sonraí ríomhaireachta le tagairt do chód uathúil an ainmhí eachaí.

*Airteagal 33*

**An ceadúnas dá dtagraítear in Airteagal 92(2)(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 a eisiúint**

1. Déanfaidh an chónaidhm náisiúnta den Chónaidhm Idirnáisiúnta Eachaíochta i gcomhair rannpháirtíocht i gcomórtais eachaí, cibé acu a dhéantar iad ar bhonn áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta, nó an t-údarás inniúil rásaíochta i gcomhair rannpháirtíocht i rásaí, na rialacha agus na nósanna imeachta a leagan síos le haghaidh an iarratais a dhéanfaidh oibreoirí ainmhí eachaí cláraithe chun ceadúnas dá bhforáiltear in Airteagal 92(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 a fháil don ainmhí eachaí sin.

2. Ní eiseoidh na heagraíochtaí agus na húdaráis dá dtagraítear i mír 1 an ceadúnas dá dtagraítear sa mhír sin ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha a leanas:

(a) tá an t-ainmhí eachaí cláraithe leis an eagraíocht nó leis an údarás faoi seach dá dtagraítear i mír 1 i gcomhair rannpháirtíocht i gcomórtais nó i rásaí;

(b) déantar an t-ainmhí eachaí cláraithe a shainaithint trí dhoiciméad aitheantais cuimsitheach ina ndoiciméadtar:

(i) go bhfuil an t-ainmhí eachaí vacsaínithe ag tréidlia in aghaidh fliú eachaí agus i gcás inarb infheidhme galar eile, de réir mar a éilítear le rialacha agus rialacháin na n-eagraíochtaí a bhainistíonn capaill i gcomhair iomaíochta nó rásaí, lena n-áirítear iad sin nach bhfuil liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882;

(ii) gur thug tréidlia cuairt ar an ainmhí eachaí faoi dhó sa bhliain ar a laghad, lena n-áirítear na scrúduithe tréidliachta i gcomhair vacsaínithe agus chun iad a bhogadh chuig Ballstáit eile nó chuig tríú tíortha;

(iii) go ndearnadh tástálacha sláinte ainmhithe ar an ainmhí eachaí, lena n-áirítear chun críoch deimhnithe i ndáil le gluaiseachtaí chuig tríú tíortha.

3. Déanfar an ceadúnas a iontráil sa doiciméad aitheantais i gcomhréir leis an treoir dá bhforáiltear i Roinn III den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II.

4. Déanfar eisiúint ceadúnais a thaifeadadh sa bhunachar sonraí ríomhaireachta le tagairt do chód uathúil an ainmhí eachaí.

*CAIBIDIL VI*

***Rialacha maidir le húsáid an doiciméid aitheantais saolré aonair chun críoch spóirt agus maidir le gluaiseacht idirnáisiúnta capall iomaíochta***

*Airteagal 34*

**Faisnéis maidir leis an úinéir i Roinn IV den doiciméad aitheantais saolré aonair**

1. Líonfaidh ceann díobh seo a leanas isteach an fhaisnéis maidir leis an úinéir i Roinn IV den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II:

(a) an t-údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, i gcás ina n-éilítear é sin sa reachtaíocht náisiúnta; ná

(b) na heagraíochtaí agus na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 33(1) i gcás ina n-éilítear é sin le rialacha agus rialacháin na n-eagraíochtaí agus na n-údarás sin.

2. De mhaolú ó mhír 1, féadfar an fhaisnéis maidir leis an úinéir a sholáthar i bhformáid deimhniú úinéireachta nó cárta clárúcháin, ar choinníoll go dtaifeadtar an cárta sin sa bhunachar sonraí ríomhaireachta, agus go ndéantar tagairt ann:

(a) do chód uathúil an ainmhí eachaí; ná

(b) d'uimhir an doiciméid aitheantais, i gcás ina raibh feidhm leis, agus don chód trasfhreagróra nó modh malartach sainaitheantais údaraithe.

3. Déanfar an deimhniú úinéireachta nó an cárta rollaithe dá bhforáiltear i mír 2 a sheoladh ar ais chuig an údarás inniúil nó chuig na heagraíochtaí agus na húdaráis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo má fuair an t-ainmhí eachaí bás nó má díoladh é, má cailleadh é, má goideadh é, nó má maraíodh é.

*Airteagal 35*

**Faisnéis maidir le vacsaíniú agus tástáil sláinte a dhéanamh i Ranna VII, VIII agus IX den doiciméad aitheantais saolré aonair**

1. I gcás ina n-éilítear leis na rialacha agus le rialacháin eagraíochta nó údaráis dá dtagraítear in Airteagal 33(1) go dtabharfaí rochtain ar chomórtais agus ar rásaí eachaí ar leith, ar vacsaíní sonracha agus ar thástáil sláinte shonrach:

(a) iontrálfaidh an tréidlia a thabharfaidh an vacsaín mionsonraí an vacsaínithe in aghaidh fliú eachaí nó galar eile faoi seach i Roinn VII nó VIII den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II;

(b) an tréidlia a bheidh ag gníomhú thar ceann údaráis inniúil nó na n-eagraíochtaí nó na n-údarás dá dtagraítear in Airteagal 33(1) a iarrfaidh an tástáil sláinte, iontrálfaidh sé nó sí torthaí na dtástálacha sláinte a rinneadh ionas go ndéanfaidh tréidlia nó saotharlann i Roinn IX de mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II galar in-tarchurtha liostaithe nó neamhliostaithe a bhrath.

2. I gcás inar údaraigh an t-údarás inniúil go n-úsáidfí cártaí cliste nó feidhmchláir dhigiteacha ar ghairis leictreonacha iniompartha i gcomhréir le hAirteagal 20(2), déanfar an fhaisnéis i mír 1(a) agus (b) a áireamh freisin sna cártaí cliste nó sna feidhmchláir dhigiteacha sin ar ghairis leictreonacha iniompartha.

## *CAIBIDIL VII*

## ***Ainmhithe eachaí a tháinig isteach san Aontas ó thríú tíortha a shainaithint***

### *Airteagal 36*

### **Ainmhithe eachaí a tháinig isteach san Aontas a shainaithint**

Measfar go mbeidh doiciméid aitheantais a eisítear i dtríú tíortha bailí i gcomhréir leis an Rialachán seo chun ainmhithe eachaí arna scaoileadh i saorchúrsaíocht a shainaithint, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha a leanas:

(a) gur eisíodh na doiciméid aitheantais:

(i) i gcás ainmhithe pórúcháin folaíochta den speiceas eachaí, gurb é a d'eisigh na doiciméid comhlacht pórúcháin i dtríú tír a eisíonn an deimhniú zóiteicniúil agus atá ar cheann de na comhlachtaí pórúcháin a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2016/1012; nó

(ii) i gcás capall cláraithe, gurb é a d'eisigh na doiciméid cónaidhm náisiúnta nó brainse d'eagraíocht nó de chomhlachas idirnáisiúnta a bhainistíonn capaill i gcomhair iomaíochta nó rásaíochta a bhfuil a cheanncheathrú i dtríú tír atá liostaithe chun teacht isteach san Aontas; nó

(iii) i ngach cás eile, gurb é a d'eisigh na doiciméid údarás inniúil thríú tír thionscnaimh an ainmhí eachaí;

(b) comhlíonann na doiciméid aitheantais ceanglais uile Airteagal 17.

### *Airteagal 37*

### **Iarratas ar dhoiciméid aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a tháinig isteach san Aontas agus a scaoileadh i saorchúrsaíocht**

1. Oibreoirí ainmhithe eachaí a tháinig isteach san Aontas ó thríú tír, déanfaidh siad iarratas chuig údarás inniúil áit chónaithe an ainmhí eachaí, nó de réir mar is infheidhme chuig an gcomhlacht tarmligthe, chun doiciméad aitheantais saolré aonair a eisiúint nó chun an doiciméad aitheantais atá ann cheana dá dtagraítear in Airteagal 36 den Rialachán seo a eisiúint sa bhunachar sonraí ríomhaireachta, laistigh de thréimhse 30 lá ón dáta a dhéantar an nós imeachta custaim a líonadh isteach lena scaoileadh i saorchúrsaíocht mar a leagtar síos in Airteagal 201 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

2. I gcás nach gcomhlíonann an doiciméad aitheantais atá ann cheana dá dtagraítear i mír 1 na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 17, déanfaidh an t-údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, ar iarraidh ón oibreoir:

(a) an doiciméad aitheantais a líonadh isteach, ionas go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 17;

(b) taifeadfaidh sé mionsonraí aitheantais an ainmhí eachaí agus an fhaisnéis chomhlántach sa bhunachar sonraí ríomhaireachta.

3. I gcás nach féidir an doiciméad aitheantais atá ann cheana dá dtagraítear in Airteagal 36 a leasú ionas go gcomhlíonfaidh sé na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 17, ní mheasfar go bhfuil sé bailí chun críoch aitheantais i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus déanfar an t-ainmhí eachaí a shainaithint, i gcomhréir le hAirteagal 21(3), trí dhoiciméad nua aitheantais saolré aonair a eisiúint bunaithe ar an bhfaisnéis a bheidh sa doiciméad aitheantais a chuirfear isteach ar tháinig an t-ainmhí eachaí isteach san Aontas.

CUID 3

**DOICIMÉADACHT MAIDIR LE STÁDAS AINMHÍ EACHAÍ A BHFUIL SÉ BEARTAITHE É A MHARÚ MAR BHIA DON DUINE NÓ ATÁ EISIATA Ó MHARÚ MAR BHIA DON DUINE**

*Airteagal 38*

**Eisiamh ó mharú ainmhí eachaí mar bhia don duine agus moill maidir le marú**

1. Measfar go mbeidh ainmhithe eachaí beartaithe lena marú mar bhia don duine mura ndéanfar iad a eisiamh ar bhealach do-athraithe óna marú mar bhia don duine tríd an iontráil ábhartha a líonadh isteach agus a shíniú i gCuid II de Roinn II den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II ag ceachtar díobh seo a leanas:

(a) an tréidlia freagrach roimh chóireáil i gcomhréir le hAirteagal 39(2) den Rialachán seo; ná

(b) an t-údarás inniúil:

(i) i gcás doiciméad aitheantais saolré aonair nua a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 21(3) le haghaidh ainmhí eachaí dar taifeadadh an t-eisiamh roimhe sin ó mharú mar bhia don duine sa doiciméad aitheantais saolré aonair nó sa bhunachar sonraí ríomhaireachta;

(ii) i gcás doiciméad aitheantais saolré aonair dúblach a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 25 nó doiciméad aitheantais saolré aonair athsholáthair i gcomhréir le hAirteagal 26;

(iii) i gcás ainmhithe eachaí a tháinig isteach san Aontas ó thríú tír nó ó chríoch nach bhfuil liostaithe le haghaidh ainmhithe eachaí san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún, nó nach ndearnadh deimhniú, ar chúiseanna eile, ar an bhfianú sláinte poiblí i bpointe II.6 den deimhniú oifigiúil maidir le hainmhithe eachaí a thabhairt isteach san Aontas nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú (SAMHAIL "EQUI-X") a ghabhann leis an ainmhí eachaí chuig an teorainn a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún.

2. Cuirfear moill ar mharú ainmhí eachaí a tháirgeann bia ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad:

(a) ag an tréidlia freagrach roimh chóireáil le táirge íocshláinte ina bhfuil substaint atá áirithe sa liosta substaintí a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1950/2006 ón gCoimisiún agus atá breactha síos i gCuid III de Roinn II den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) de mhaolú ar mhír 1(b)(ii), agus trí chinneadh an údaráis inniúil, arna dhoiciméadú i gCuid V de Roinn II den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, i gcás ina n-eisítear doiciméad aitheantais dúblach laistigh de thréimhse 30 lá ó dháta an doiciméid aitheantais saolré aonair dearbhaithe agus ó chailliúint réasúnaithe an doiciméid aitheantais saolré aonair, i gcás ina féidir leis an oibreoir bunús sásúil a thabhairt nár baineadh an bonn de stádas an ainmhí eachaí mar a bhfuil sé beartaithe é a mharú mar bhia don duine de bharr aon chóireáil íocshláinte.

*Airteagal 39*

**Oibleagáid an tréidlia atá freagrach i ndáil le stádas an ainmhí eachaí a bhfuil sé beartaithe é a mharú mar bhia don duine nó atá eisiata ó mharú mar bhia don duine a dhoiciméadú sa doiciméad aitheantais saolré aonair**

1. Roimh aon chóireáil le táirge íocshláinte tréidliachta arna údarú i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2019/6, nó táirge íocshláinte arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 112(4) de sin, nó ina bhfuil substaint atá áirithe sa liosta substaintí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 115(5) de sin, deimhneoidh an tréidlia freagrach stádas an ainmhí mar a bhfuil sé beartaithe é a mharú nó mar a bhfuil sé eisiata ó mharú mar bhia don duine agus doiciméadaithe sa doiciméad aitheantais saolré aonair, agus i gcás ina soláthraítear rochtain, sa bhunachar sonraí ríomhaireachta.

2. I gcás ina n-éilíonn tásc a bhaineann le hainmhí eachaí a bhfuil sé beartaithe é a mharú mar bhia don duine go ndéanfaí táirge íocshláinte a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 112(4) de Rialachán (AE) 2019/6 agus gur aontaigh an t-oibreoir cóireáil den sórt sin a ghlacadh thar ceann an úinéara, áiritheoidh an tréidlia freagrach go mbeidh an t-ainmhí eachaí lena mbaineann roimh an gcóireáil, dearbhaithe ar bhealach do-athraithe mar ainmhí nach bhfuil sé beartaithe é a mharú mar bhia don duine ach Cuid II de Roinn II den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a líonadh isteach agus a shíniú.

3. I gcás ina n-éilíonn tásc a bhaineann le hainmhí eachaí a bhfuil sé beartaithe é a mharú mar bhia don duine go ndéanfaí táirge íocshláinte ina bhfuil substaint atá áirithe sa liosta a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1950/2006 ón gCoimisiún a thabhairt agus gur aontaigh an t-oibreoir cóireáil den sórt sin a ghlacadh thar ceann an úinéara, iontrálfaidh an tréidlia freagrach na mionsonraí riachtanacha den táirge íocshláinte ina bhfuil substaintí den sórt sin i gCuid III de Roinn II den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Iontrálfaidh an tréidlia freagrach an dáta, arna fhorordú, arb é an uair dheireanach ar tugadh an táirge íocshláinte sin agus cuirfidh sé an t-oibreoir ar an eolas maidir leis an dáta a rachaidh an tréimhse aistarraingthe 6 mhí in éag.

*Airteagal 40*

**Oibleagáidí na dtréidlianna i ndáil le stádas ainmhithe eachaí a bhfuil sé beartaithe iad a mharú mar bhia don duine nó atá eisiata ó mharú mar bhia don duine a dhoiciméadú i ndoiciméid shealadacha**

1. I gcás ina n-éilíonn tásc a bhaineann le hainmhí eachaí arna shainaithint le doiciméad aitheantais sealadach cóireáil le táirge íocshláinte tréidliachta atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2019/6, nó táirge íocshláinte arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 112(4) den Rialachán sin, nó táirge ina bhfuil substaint atá áirithe sa liosta substaintí a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1950/2006 ón gCoimisiún, déanfaidh an tréidlia freagrach, roimh an táirge íocshláinte a thabhairt, na nithe a leanas:

(a) fíoróidh sé aitheantas an ainmhí eachaí bunaithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh sa doiciméad aitheantais sealadach;

(b) i gcás ina ndeonaítear rochtain ar an mbunachar sonraí ríomhaireachta, seiceálfaidh sé an stádas mar a bhfuil sé beartaithe é a mharú mar bhia don duine nó atá eisiata ó mharú mar bhia don duine sa doiciméad aitheantais sealadach agus sa bhunachar sonraí ríomhaireachta;

(c) iontrálfaidh sé, i gcás nach bhfuil an t-ainmhí eachaí eisiata cheana féin ó mharú mar bhia don duine, an fhaisnéis a éilítear sa doiciméad aitheantais sealadach san fhoirm dá dtagraítear in Airteagal 24(2) chun ceachtar díobh seo a leanas a dhéanamh:

   (i) an t-ainmhí eachaí a eisiamh go buan ó mharú mar bhia don duine roimh táirge íocshláinte a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 112(4) de Rialachán (AE) 2019/6; ná

   (ii) déanfaidh sé an dáta arb é an uair dheireanach ar tugadh na táirgí íocshláinte agus na substaintí fíor-riachtanacha a ionchorpraíodh sa táirge íocshláinte a thaifeadadh sula ndéanfar táirge íocshláinte ina bhfuil substaint atá áirithe sa liosta substaintí a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1950/2006 ón gCoimisiún a thabhairt.

2. Tar éis na bearta dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo a bheith tugtha i gcrích, déanfaidh an tréidlia freagrach na nithe a leanas:

(a) soláthróidh sé an doiciméad sealadach leasaithe d'oibreoir an ainmhí eachaí;

(b) cuirfidh sé isteach, gan mhoill, agus tráth nach déanaí ná 7 lá ón dáta a líontar isteach é, cóip den doiciméad aitheantais saolré aonair leasaithe chuig an údarás inniúil dar tugadh suas an doiciméad aitheantais saolré aonair i gcomhréir le hAirteagal 61(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ionas go mbeidh an t-údarás inniúil sin in ann an doiciméad aitheantais saolré aonair a oiriúnú agus chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1(c)(i) nó (ii) den Airteagal seo a thaifeadadh sa bhunachar sonraí ríomhaireachta.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 2(b) den Airteagal seo i gcás inar deonaíodh don tréidlia freagrach rochtain dhíreach ar an mbunachar sonraí ríomhaireachta chun mionsonraí faisnéise a iontráil, mionsonraí faisnéise a bhaineann le heisiamh an ainmhí eachaí ó stádas ainmhí a bhfuil sé beartaithe é a mharú mar bhia don duine aige, nó an fhaisnéis nach ndéanfar na hainmhithe a mharú ar feadh tréimhse 6 mhí ón dáta a dhéanfar an táirge íocshláinte a thabhairt.

*Airteagal 41*

**Oibleagáidí oibreoirí ainmhithe eachaí maidir le stádas ainmhí eachaí mar ainmhí a bhfuil sé beartaithe é a mharú mar bhia don duine nó atá eisiata ó mharú mar bhia don duine a dhoiciméadú**

1. Tar éis na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 39(2) a thabhairt i gcrích, lóisteálfaidh oibreoir an ainmhí eachaí an doiciméad aitheantais saolré aonair leis an údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme leis an gcomhlacht tarmligthe, nó soláthróidh sé an fhaisnéis ar líne i gcás ina bhfuil rochtain den sórt sin ar an mbunachar sonraí ríomhaireachta bunaithe, laistigh d'uastréimhse 7 lá ón dáta a dhéantar Cuid II de Roinn II den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a shíniú.

2. Féadfaidh na Ballstáit bearta a ghlacadh lena áirithiú, trí mhaolú ó cheanglais d'oibreoirí a leagtar síos in Airteagal 29(2), go ndéanfaidh an tréidlia freagrach na nithe seo a leanas:

(a) fógra a thabhairt don údarás inniúil, nó mar is infheidhme don chomhlacht tarmligthe, faoi na bearta arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 39(2) agus Airteagal 40(1)(c) agus an fhaisnéis is gá a sholáthar chun an bunachar sonraí ríomhaireachta a nuashonrú laistigh de thréimhse 7 lá ó dháta an tsínithe i gCuid II de Roinn II den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II; nó

(b) an fhaisnéis maidir leis na bearta arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 39(2) agus Airteagal 40(1)(c), an fhaisnéis sin a iontráil go díreach sa bhunachar sonraí ríomhaireachta, i gcás ina ndeonaítear rochtain i gcomhréir le hAirteagal 7(5).

*Airteagal 42*

**Sainaithint *ad-hoc* ainmhithe eachaí i gcás tásc leighis**

1. I gcás ina n-éilíonn tásc a bhaineann le hainmhí eachaí nach bhfuil sainaitheanta i gcomhréir le hAirteagal 58, 67 nó 68 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 cóireáil le táirge íocshláinte a thugtar i gcomhréir le hAirteagal 112(4) de Rialachán (AE) 2019/6 nó ina bhfuil substaint atá áirithe sa liosta a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1950/2006 ón gCoimisiún, measfar go mbeidh an t-ainmhí eachaí sainaitheanta chun críoch Airteagal 112(4) nó Airteagal 115(5) de Rialachán (AE) 2019/6 ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha i míreanna 2 go 5 den Airteagal seo.

2. Déanfaidh an tréidlia freagrach, roimh an táirge íocshláinte dá dtagraítear i mír 1 a thabhairt, nó láithreach tar éis é a thabhairt i gcás ina bhfuil beatha ainmhí i mbaol, na nithe a leanas:

(a) sainaithneoidh sé an t-ainmhí eachaí ar an láthair trí thrasfhreagróir in-insteallta a ionphlandú san ainmhí eachaí nó trí mhodh fisiciúil sainaitheanta eile a chur ar ainmhithe talún ar coimeád dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c) nó (f) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 agus líonfaidh sé isteach an fhoirm aitheantais ar a mbeidh na mionsonraí dá bhforáiltear i gCodanna A agus B de Roinn I den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) déanfaidh sé an t-ainmhí eachaí a eisiamh go buan ó mharú mar bhia don duine ach an iontráil iomchuí a dhéanamh san fhoirm aitheantais.

3. De mhaolú ar mhír 2(b) den Airteagal seo, ní éileofar eisiamh an ainmhí eachaí ó mharú mar bhia don duine faoi na coinníollacha seo a leanas:

(a) déanfar an táirge íocshláinte ina bhfuil substaint fhíor-riachtanach atá áirithe sa liosta substaintí a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1950/2006 ón gCoimisiún a thabhairt d'ainmhí eachaí neamhaitheanta atá níos óige ná 12 mhí d'aois;

(b) déanfar an dáta ar tugadh an táirge íocshláinte ina bhfuil an substaint fhíor-riachtanach atá áirithe sa liosta substaintí a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1950/2006 ón gCoimisiún go deireadh a thaifeadadh i bhfoirm aitheantais an ainmhí eachaí.

4. Tar éis na bearta dá bhforáiltear i mír 2 den Airteagal seo a bheith tugtha chun críche agus tar éis an chóireáil a bheith tugtha, eiseoidh an tréidlia freagrach an fhoirm aitheantais a bheidh líonta isteach agus sínithe agus soláthróidh sé é d'oibreoir an ainmhí eachaí.

5. Ar thíolacadh na foirme aitheantais dá dtagraítear i mír 4 agus laistigh de 7 lá ón dáta a líontar isteach í, déanfaidh oibreoir an ainmhí eachaí iarratas ar an údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme ar an gcomhlacht tarmligthe, chun

(a) ceachtar díobh seo a leanas a eisiúint

(i) doiciméad aitheantais saolré aonair i gcomhréir le hAirteagal 17(3), i gcás ina bhfuil an t-ainmhí eachaí neamhaitheanta níos lú ná 12 mhí d'aois; ná

(ii) doiciméad aitheantais dúblach nó athsholáthair i gcomhréir le hAirteagail 25 nó 26; agus

(b) lena thaifeadadh sa bhunachar sonraí ríomhaireachta an t-eisiamh ó mharú mar bhia don duine nó an cosc ar mharú ar feadh 6 mhí ar a laghad, ag brath ar an gcóireáil íocshláinte.

6. De mhaolú ar mhír 5, féadfaidh na Ballstáit bearta a ghlacadh lena áirithiú, go ndéanfaidh an tréidlia freagrach, laistigh de thréimhse 7 lá ó dháta sínithe na foirme aitheantais dá dtagraítear i mír 4

(a) an fhoirm aitheantais a sholáthar don údarás inniúil, nó de réir mar is infheidhme don chomhlacht tarmligthe; ná

(b) an fhaisnéis a chur isteach go díreach sa bhunachar sonraí ríomhaireachta, i gcás ina ndeonaítear rochtain i gcomhréir le hAirteagal 7(5).

*Airteagal 43*

**Gluaiseachtaí agus iompar ainmhithe eachaí lena marú**

1. Beidh an méid seo a leanas ag gabháil le hainmhithe eachaí a bheidh le marú fad agus a bheidh siad á mbogadh nó á n-iompar chuig seamlas:

(a) an doiciméad aitheantais saolré aonair; ná

(b) an doiciméad aitheantais dúblach arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 38(2)(b).

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an t-údarás inniúil ainmhithe eachaí nach bhfuil aon doiciméad aitheantais eisithe ina leith a údarú le marú, le hiompar go díreach ón mbunaíocht inar rugadh an t-ainmhí chuig seamlas laistigh den Bhallstát céanna ar choinníoll:

(a) go bhfuil na hainmhithe eachaí atá le marú níos lú ná 12 mhí d'aois;

(b) go bhfuil inrianaitheacht gan bhriseadh ón mbunaíocht ina rugadh an t-ainmhí chuig an seamlas;

(c) go ndéantar na hainmhithe eachaí, roimh iad a iompar chuig an seamlas a mharcáil go haonair le ceann amháin de na modhanna sainaitheantais dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c), (e) nó (f) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035;

(d) go n-áirítear i bhfaisnéis an bhiashlabhra tagairt don mharcáil aonair dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír seo, faisnéis a éilítear i gcomhréir le Roinn III d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

*Airteagal 44*

**Taifid maidir le cógas a úsáid i ndoiciméid aitheantais saolré aonair i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 96/22/CE**

Bainfear úsáid as Cuid IV de Roinn II den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo chun faisnéis a iontráil maidir le cur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 96/22/CE táirge íocshláinte tréidliachta ina bhfuil treanbólón ailille nó béite-agónaithe sa chás dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 1 d'Airteagal 7 den Treoir sin.

CUID 4

**DEIMHNITHE ZÓITEICNIÚLA D'AINMHITHE EACHAÍ PÓRÚCHÁIN FOLAÍOCHTA**

*Airteagal 45*

**Na rialacha don deimhniú zóiteicniúil mar chuid lárnach den doiciméad aitheantais saolré aonair le haghaidh ainmhithe eachaí pórúcháin folaíochta**

1. An fhaisnéis a éilítear chun Codanna I agus II den deimhniú zóiteicniúil a chomhlánú i Roinn V den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, soláthróidh an cumann póir nó an comhlachas pórúcháin a bhunaigh pórleabhar ina n-iontráiltear an t-ainmhí eachaí pórúcháin folaíochta nó atá incháilithe lena iontráil, an fhaisnéis sin.

2. Beidh Codanna I agus II den deimhniú zóiteicniúil mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1940 le fáil sa doiciméad aitheantais saolré aonair nó i ndoiciméad aitheantais dúblach le haghaidh ainmhithe pórúcháin folaíochta den speiceas eachaí agus comhlíonfaidh siad iad seo a leanas:

(a) Is éard a bheidh i gCuid I den deimhniú zóiteicniúil a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1940 Roinn V den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) Is éard a bheidh i gCuid II den deimhniú zóiteicniúil a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1940:

(i) cuid den Roinn dá dtagraítear i bpointe (a), i gcás ina mbeidh níos mó ná leathanach amháin ag taispeáint go soláthrófar Cuid II le haghaidh nuashonruithe den fhaisnéis; ná

(ii) i gcás ina n-údaraíonn an t-údarás zóiteicniúil é i gcomhréir le hAirteagal 32(4) de Rialachán (AE) 2016/1012, a bheidh i gceangal leis an doiciméad aitheantais saolré aonair, i gcás ina mbeidh sé nasctha leis an gCuid I dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo tríd an gcód uathúil arna shannadh ar an ainmhí i gcomhréir le hAirteagal 6 den Rialachán seo a iontráil nó an uimhir saoil uathúil arna sannadh don ainmhí roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Coimeádfaidh doiciméad aitheantais saolré aonair arna eisiúint san fhormáid chuimsitheach a bhailíocht má áirítear leathanach breise leis ina bhfuil ainm an chumainn póir eisiúna, an phóir agus na roinne forlíontaí, chomh maith le huimhir an phórleabhair agus faisnéis ábhartha eile a bhaineann le hainmhí eachaí a taifeadadh i roinn fhorlíontach de phórleabhar atá bunaithe nó coimeádta ag an gcumann póir eisiúna a chuireann a chlár pórúcháin arna fhormheas i gcomhréir le hAirteagal 8 nó 12 de Rialachán (AE) 2016/1012 i gcrích.

Beidh an leathanach breise i bhformáid nach féidir a mheascadh le Roinn V den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo agus ní chuirfidh sé isteach ar ord na Ranna atá inti.

CUID 5

**FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA**

*Airteagal 46*

**Bearta idirthréimhseacha a bhaineann le haisghairm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/262**

1. I gcomhréir le hAirteagal 86(a) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035:

(a) na sprioc-amanna chun ainmhithe eachaí a rugadh san Aontas dá bhforáiltear in Airteagal 12(1) agus (2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/262 ón gCoimisiún a shainaithint, beidh siad infheidhme go dtí an 20 Aibreán 2021;

(b) na rialacha maidir le formáid agus inneachar na ndoiciméad aitheantais arna n-eisiúint d'ainmhithe eachaí a rugadh san Aontas dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/262 ón gCoimisiún, beidh siad infheidhme go dtí an 27 Eanáir 2022.

2. Ar iarraidh ón oibreoir, cuirfidh an t-údarás inniúil nó de réir mar is infheidhme an comhlacht tarmligthe, Roinn III den mhúnla de dhoiciméad aitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo le doiciméad aitheantais saolré aonair arna eisiúint roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le marc bailíochtaithe nó ceadúnas a eisiúint i gcomhréir le pointe (a) nó (b) d'Airteagal 92(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.

*Airteagal 47*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 7 Iúil 2021.

Beidh feidhm ag Iarscríbhinn II áfach ón 28 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Meitheamh 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

CUID 1

**Sonraíochtaí teicniúla na modhanna leictreonacha sainaitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí**

1. I gcás ina gcuirtear i bhfeidhm iad ar ainmhithe eachaí, taispeánfaidh na modhanna leictreonacha sainaitheantais dá dtagraítear i bpointí (c), (e) agus (f) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 (na modhanna leictreonacha sainaitheantais) na nithe seo a leanas:

   (a) cód tíre trí dhigit atá comhoiriúnach le ISO-3166;

   (b) cód ainmhí aonair uimhriúil ina mbeidh 12 dhigit.

2. Ní mór do na modhanna leictreonacha sainaitheantais a bheith:

   (a) ina dtrasfhreagróirí éighníomhacha atá inléite amháin ag cur teicneolaíocht HDX nó FDX-B i bhfeidhm, ag comhlíonadh caighdeáin ISO 11784 agus 11785;

   (b) soléite le gairis léitheoireachta, ag comhlíonadh an chaighdeáin ISO 11785, atá in ann trasfhreagróirí HDX agus FDX- B a léamh.

3. Ní mór don mhodh leictreonach sainaitheantais a bheith inléite ag an íosfhad léitheoireachta de:

   (a) 12 cheintiméadar le haghaidh clibeanna cluaise nuair a léitear iad le léitheoir iniompartha;

   (b) 15 cheintiméadar le haghaidh trasfhreagróirí in-insteallta nuair a léitear iad le léitheoir iniompartha.

4. Ní mór gur cuireadh na modhanna leictreonacha sainaitheantais faoi thástáil agus ní mór go raibh torthaí fabhracha leis an tástáil a mhéid a bhaineann leo seo a leanas:

   (a) comhréireacht leis na caighdeáin ISO 11784 agus 11785, i gcomhréir leis an modh dá dtagraítear i bpointe 7 den chaighdeán ISO 24631-1;

   (b) íosfheidhmíocht a bhaint amach ar fhaid léitheoireachta dá dtagraítear i bpointe 3 den Chuid seo, i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointe 7 den chaighdeán ISO 24631-3.

CUID 2

**Sonraíochtaí teicniúla na modhanna sainaitheantais le haghaidh ainmhithe eachaí**

1. Beidh na modhanna sainaitheantais dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c) agus (f) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 le haghaidh ainmhithe eachaí:

   (a) neamh-in-athúsáidte;

   (b) d'ábhar neamh-inmhillte;

   (c) crioscaíldíonach;

   (d) éasca a léamh ar feadh shaolré na n-ainmhithe eachaí;

   (e) deartha ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh siad daingnithe go sábháilte leis na hainmhithe eachaí gan a bheith díobhálach dóibh;

   (f) éasca a bhaint ón mbiashlabhra.

2. Beidh na hinscríbhinní neamh-inaistrithe seo a leanas ar na modhanna sainaitheantais dá dtagraítear i bpointe 1:

   (a) cód tíre trí dhigit atá comhoiriúnach le ISO-3166;

   (b) cód ainmhí aonair uimhriúil ina mbeidh 12 dhigit ar a laghad.

3. Féadfaidh faisnéis eile a bheith ar na modhanna sainaitheantais dá dtagraítear i bpointe 1, ach iad a bheith údaraithe ag an údarás inniúil, ar choinníoll go mbeidh na hinscríbhinní dá dtagraítear i bpointe 2 fós sofheicthe agus soléite.

*IARSCRÍBHINN II*

CUID 1

## Ábhar an doiciméid aitheantais saolré aonair

DOCUMENT D'IDENTIFICATION DES ÉQUIDÉS

Ces instructions sont rédigées en vue d'assister l'utilisateur et n'entravent pas l'application des règles établies par le règlement d'exécution (UE) 2021/963.

I. Le document d'identification doit comporter toutes les instructions nécessaires à son utilisation ainsi que les coordonnées de l'autorité compétente ou de l'organisme délégué en français, en anglais et dans une des langues officielles de l'État membre ou du pays tiers dans lequel l'autorité compétente ou l'organisme délégué a son siège.

II. Le document d'identification doit contenir les renseignements suivants:

1. **Section I - Identification**

L'équidé doit être identifié par l'autorité compétente ou par l'organisme délégué ou la personne physique visés à l'article 22, paragraphe 3, du règlement d'application (UE) 2021/963. Le numéro unique d'identification valable à vie doit permettre d'identifier clairement l'équidé ainsi que la base de données établie par l'autorité compétente ou l'organisme délégué qui a délivré le document d'identification et doit être compatible avec le numéro universel d'identification des équidés (UELN).

Dans la description à la partie A de la section I, notamment au point 3, l'utilisation d'abréviations doit être évitée autant que possible. Au point 5 de la partie A de la section I, un champ doit être prévu pour insérer au moins quinze chiffres du code transmis par le transpondeur.

A la partie B de la section I le signalement graphique doit être renseigné en utilisant un stylo à bille à encre rouge pour les marques et un stylo à bille à encre noire pour les épis, ou en conséquence si complété par voie électronique, en tenant compte des lignes directrices fournies par la Fédération Équestre Internationale (FEI) ou par Weatherbys.

La partie C de la section I doit être utilisée pour enregistrer toute rectification aux détails d'identification.

2. **Section II – Administration de médicaments**

Les parties I et II ou la partie III de cette section doivent être dûment complétées suivant les instructions établies dans cette section.

3. **Section III – Marque de validation/Licence**

Nécessaire pour les mouvements conformément à l'article 92, paragraphe 2, du règlement délégué (UE) 2020/688.

4. **Section IV – Propriétaire**

Le nom du propriétaire ou de son agent ou représentant doit être mentionné si l'autorité compétente, l'organisme délégué ou l'organisation qui gère les chevaux enregistrés en vue des compétitions ou courses le requiert.

5. **Section V – Certificat zootechnique**

Si l'équidé est inscrit ou enregistré et admissible à l'entrée dans un livre généalogique tenu par une organisme de sélection, le document d'identification doit indiquer le pedigree ainsi que la classe du livre généalogique dans laquelle l'équidé est inscrit conformément aux règles du organisme de sélection qui délivre le certificat zootechnique.

6. **Section VI – Enregistrement des contrôles d'identité**

À chaque fois que les lois et règlements l'exigent, l'identité de l'équidé doit faire l'objet d'une vérification enregistrée par l'autorité compétente, au nom de l'organisme délégué ou de l'organisation qui gère les chevaux enregistrés en vue des compétitions ou courses.

7. **Sections VII et VIII – Enregistrement des vaccinations**

Toutes les vaccinations doivent être enregistrées à la section VI (grippe équine seulement) et à la section VII (toutes les autres vaccinations). Ces informations peuvent être fournies par l'apposition d'un autocollant.

8. **Section IX – Examen de laboratoire**

Les résultats de tous les examens pratiqués pour déceler une maladie transmissible peuvent être consignés.

9. Section X – Châtaignes (en option)

Cette section est nécessaire au respect du modèle de document d'identification de la Fédération Equestre Internationale (FEI).

III. Sauf s'il est détruit sous surveillance officielle à l'abattoir, le document d'identification doit être retourné à l'autorité compétente ou à l'organisme délégué après que l'animal est mort, a dû être détruit, a été perdue ou volée ou a été abattu à des fins de contrôle de la maladie.

IDENTIFICATION DOCUMENT FOR EQUIDAE

These instructions are drawn up to assist the user and do not impede on the rules laid down in Implementing Regulation (EU) 2021/963.

I. The identification document must contain all the instructions needed for its use and the details of the competent authority, or as appropriate the delegated body, in French, English and one of the official languages of the Member State or third country where the competent authority or delegated body has its headquarters.

II. The identification document must contain the following information:

1. **Section I – Identification**

The equine animal shall be identified by the competent authority or by the delegated body or natural person as referred to in Article 22(3) of Implementing Regulation (EU) 2021/963. The unique code shall clearly identify the equine animal and the database established by the competent autority or delegated body which issued the identification document and shall be compatible with the universal equine life number (UELN).

In the description in Part A of Section I, in particular in point 3 thereof, abbreviations must be avoided, where possible. In point 5 of Part A of Section I, the space must be provided for at least 15 digits of the transponder code.

In Part B of Section I the outline diagram shall be completed using red ball point ink for marks and black ball point ink for whorls, or accordingly if completed electronically, taking into account the guidelines provided for by the International Federation for Equestrian Sports (FEI) or the Weatherbys.

Part C of Section I must be used to record modifications to identification details.

2. **Section II – Administration of medicinal products**

Parts I and II or Part III of this Section must be duly completed in accordance with the instructions set out in this Section.

3. **Section III – Validation mark/Licence**

Required for movements in accordance with Article 92(2) of Delegated Regulation (EU) 2020/688.

4. **Section IV – Owner**

The name of the owner or its agent or representative must be stated where required by the competent autority, delegated body or the organisation which manages registered horses for competitions or races.

5. **Section V – Zootechnical certificate**

If the equine animal is entered or registered and eligible for entry in a breeding book maintained by a breed society, the identification document shall contain the pedigree and the breeding book class in which the equine animal is entered in accordance with the rules of the breed society issuing the zootechnical certificate.

6. **Section VI – Recording of identity checks**

Whenever laws and regulations so require, checks conducted on the identity of the equine animal must be recorded by the competent authority, the delegated body or by the organisation which manages registered horses for competitions or races.

7. **Sections VII and VIII – Vaccination record**

All vaccinations must be recorded in Section VII (equine influenza only) and in Section VIII (all other vaccinations). The information may take the form of a sticker.

8. **Section IX – Laboratory health tests**

The results of all tests carried out to detect transmissible diseases may be recorded.

9. **Section X – Chestnuts (optional)**

This section shall be required for compliance with the model of the identification document of the International Federation for Equestrian Sports (FEI).

III. Except where it is destroyed under the offical supervision at the slaughterhouse, the identification document must be returned to the competent authority or delegated body after the animal has died, had to be destroyed, was lost or stolen or was slaughtered for disease control purposes.

DOICIMÉAD AITHEANTAIS LE hAGHAIDH EACHAINMHITHE (EQUIDAE)

Tá na treoracha seo á dtarraingt suas chun cúnamh a thabhairt don úsáideoir agus ní chuireann siad bac ar na rialacha a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/963

I. Ní mór na treoracha go léir is gá chun iad a úsáid a bheith sa doiciméad aitheantais agus mionsonraí an údaráis inniúil, nó de réir mar is iomchuí an chomhlachta tharmligthe, i bhFraincis, i mBéarla agus i gceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit nó an tríú tír ina bhfuil a cheanncheathrú ag an údarás inniúil nó ag an gcomhlacht tarmligthe.

II. Áireofar an fhaisnéis seo a leanas sa doiciméad aitheantais sin:

1. **Roinn I – Aitheantas**

Déanfaidh an t-údarás inniúil nó an comhlacht tarmligthe nó an duine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 22(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/963 an t-eachainmhí a shainaithint. Sainaithneofar go soiléir sa chód uathúil an t-eachainmhí agus an bunachar sonraí arna bhunú ag an údarás inniúil nó ag an gcomhlacht tarmligthe a d'eisigh an doiciméad aitheantais agus beidh sé comhoiriúnach leis an uimhir shaoil uilíoch eachaí (UELN).

Sa tuairisc i gCuid A de Roinn I, go háirithe i bpointe 3 de, ní mór giorrúcháin a sheachaint, i gcás inar féidir. I bpointe 5 de Chuid A de Roinn I, ní mór an spás a sholáthar le haghaidh 15 dhigit ar a laghad de chód an trasfhreagróra.

I gCuid B de Roinn I líonfar isteach an léaráid imlíne ag úsáid dúch dearg gránbhiorach le haghaidh marcálacha agus dúch dubh gránbhiorach le haghaidh deisealán, nó dá réir sin má líontar isteach í go leictreonach, cuirfear na treoirlínte arna soláthar ag an gCónaidhm Idirnáisiúnta Eachaíochta nó na Weatherbys san áireamh.

Ní mór Cuid C de Roinn I a úsáid chun modhnuithe ar mhionsonraí aitheantais a thaifeadadh.

2. **Roinn II – Táirgí íocshláinte a thabhairt**

Ní mór Codanna I agus II nó Cuid III den Roinn seo a líonadh isteach go cuí i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach sa Roinn seo.

3. **Roinn III – Marc bailíochtaithe/Ceadúnas**

Éilítear iad i gcomhair gluaiseachtaí i gcomhréir le hAirteagal 92(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688.

4. **Roinn IV – An tÚinéir**

Ní mór ainm an úinéara nó a ghníomhaire nó a ionadaí a lua i gcás ina n-éilíonn an t-údarás inniúil, an comhlacht tarmligthe nó an eagraíocht a bhainistíonn capaill chláraithe i gcomhair iomaíochta nó rásaí sin.

5. **Roinn V – Deimhniú zóiteicniúil**

Má dhéantar an t-eachainmhí a iontráil nó má tá sé cláraithe agus incháilithe le hiontráil i bpórleabhar arna choinneáil ag cumann póir, beidh an aicme folaíochta agus aicme an phórleabhair sa doiciméad aitheantais ina ndéantar an t-eachainmhí a iontráil i gcomhréir le rialacha an chumainn póir a eiseoidh an deimhniú zóiteicniúil.

6. **Roinn VI – Seiceálacha sainaitheantais a thaifeadadh**

Uair ar bith a éilíonn dlíthe agus rialacháin é, ní mór don údarás inniúil, don chomhlacht tarmligthe nó don eagraíocht a bhainistíonn capaill chláraithe i gcomhair iomaíochta nó rásaí na seiceálacha a dhéantar ar shainaitheantas an eachainmhí a thaifeadadh.

7. **Ranna VII agus VIII – An taifead vacsaínithe**

Ní mór na vacsaíní uile a thaifeadadh i Roinn VII (fliú eachaí amháin) agus i Roinn VIII (gach vacsaín eile). Féadfaidh an fhaisnéis a bheith i bhfoirm greamáin.

8. **Roinn IX – Tástálacha sláinte saotharlainne**

Féadfar taifeadadh a dhéanamh ar thorthaí na dtástálacha uile a dhéanfar chun galair in-tarchurtha a bhrath.

9. Roinn X – Fairchíní (roghnach)

